Ag breathnú ar aghaidh go dtí 2025, beimid ag díriú ar ghnéithe aeráide a chomhtháthú inár bpróisis Bainistíochta Riosca, ar threochlár cuimsitheach um neodracht carbóin a dhearadh agus ar chleachtais soláthair inbhuanaithe a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear Cairt Soláthair Inbhuanaithe a fhoilsiú.

Léiríonn na hiarrachtaí seo ár dtiomantas dá chinntiú go soláthraíonn ár n-aistear inbhuanaitheachta buntáistí fiúntacha dár mbaill, dár ndaoine agus don phláinéad.



Gnó Sláintiúil

Ag Vhi, táimid tiomanta d'inbhuanaitheacht a leabú mar chroílár ár gcinnteoireachta, ag cinntiú go múnlaíonn prionsabail chomhshaoil, prionsabail shóisialta agus prionsabail rialachais an chaoi a n-oibrímid, a ndéanaimid bainistíocht ar riosca agus pleanáil don toadhchá.

Díríodh go príomha in 2024 ar ár struchtúir rialachais a neartú chun tacú leis an uailmhian seo. Bhunaíomar Coiste Inbhuanaitheachta Grúpa tiomnaithe, faoi chathaoirleacht ár nOifigeach Grúpa um Dhaoine agus Inbhuanaitheacht, Amy Burke, agus tá an Coiste seo cuntasacht go díreach chuig Foireann Cheannaireachta an Ghrúpa. Cuireann an coiste seo maoirsiú straitéiseach ar fáil ar gach gné d'inbhuanaitheacht laistigh de Vhi agus tá ról lárnach aige maidir lenár n-athrú ó bhonn maidir le múnla cúram sláinte atá lánchomhtháite a spreagadh – múnla ar féidir tosaíocht a thabhairt do dhaoine agus don phláinéid araon.

Taobh amuigh den rialachas, ba thosaíocht í meon a thugann tús áite don inbhuanaitheacht a chothú ar fud ár n-eagraíochta. Comhfheagracht is ea an inbhuanaitheacht ar ár gcomhghleacaithe go léir agus in 2024, ghlacamar céimeanna tábhachtacha chun feachtas agus rannpháirtíocht a dhoimniú, lena n-áirítear Seisiún Samhraidh Inbhuanaitheachta a óstáil. Tríd an imeacht seo, a bhí oscailte dár gcomhghleacaithe ar fad, cuireadh ardán luachmhar ar fáil do chomhghleacaithe chun iniúchadh a dhéanamh ar an Straitéis Inbhuanaitheachta agus ar a tionchar ar réimsí éagsúla den ghnó agus ar an gcaoi a bhfuil sé ag teacht lenár dtiomantas dár mbaill. Ina theannta sin, sheolamar ár gcéad chlár éigeantach oiliúna inbhuanaitheachta, a thug an t-eolas agus na huirlisí do chomhghleacaithe chun inbhuanaitheacht a ionchorprú ina ról.

Trínár rialachas a neartú, cuntasacht cheannaireachta a chothú agus cultúr na hinbhuanaitheachta a neadú ar fud an ghnó, táimid ag leagan na bunsraithe d'athrú fiúntach fadtéarmach – agus mar sin, táimid in ann réitigh chúraim sláinte níos inbhuanaithe a sholáthar dár mbaill.



An Dr Tara Shine le Aaron Keogh MD Insurance, Anne O'Connor MD Sláinte & Folláine, Príomhfheidhmeannach Brian Walsh, Oifigeach Daoine & Inbhuanaitheachta an Ghrúpa Amy Burke agus Emer Haughey, Ceann na hInbhuanaitheachta ag an Seisiún Samhraidh



Pláinéad Sláintiúil

Ag Vhi, aithnímid an gá atá le feidhmiú laistigh de theorainneacha pláinéadacha agus gníomh fiúntach a ghlacadh chun ár dtionchar ar an gcomhshaoil a laghdú. Is é an sprioc atá againn ná gnóthas atá neodrach ó thaobh carbóin de a bheith againn faoi 2050, agus in 2024 rinneamar dul chun cinn luath agus fiúntach i dtreo an ghealltanais seo.

An chéad chéim a ghlacamar ná ár gClár um Neodracht Carbóin a sheoladh agus ansin, rinneamar lorg iomlán carbóin thar na trí raon, ag úsáid 2023 mar bhonnlíne. Tugann sé seo léargas soiléir dúinn ar ár n-astaíochtaí, mar aon le bonn le haghaidh laghdaithe spriocdhírthe. Ba chloch mhíle thábhachtach é aistriú ár bhflít díolacháin go feithiclí leictreacha, rud as ar tháinig laghdú in astaíochtaí feithicle de bhreis ar 43,00kg CO₂. Ina theannta sin, leanamar lenár n-iarrachtaí chun ár n-úsáid páipéir a laghdú, ag baint amach laghdú 11% i gcomparáid le 2024 agus laghdú 33% ó 2020 mar gheall ar aistriú ball chuig an gcumarsáid dhigiteach.

Seachas astaíochtaí carbóin a laghdú, táimid ag leabú prionsabail an gheilleagair chiorclaigh inár n-oibríochtaí, ag cinntiú go bhfuil laghdú dramhaíola agus éifeachtúlacht acmhainní ina ngnéithe lárnacha sa chaoi a n-oibrímid. Chun soláthar inbhuanaithe a spreagadh, thugamar isteach ualú inbhuanaitheachta 10% i bpríomhthairiscintí, rud a dhaingnigh ár ról ó thaobh athrú inbhuanaithe a spreagadh ar fud ár slabhra soláthair. Agus Ionad Sláinte nua Vhi 360 á fhorbairt i nGaillimh, ghlacamar bearta d'aon ghnó chun dramhaíl a íoslaghdú, agus troscán agus trealamh á n-athúsáid againn chun diúscairt i líonadh talún a laghdú go suntasach. Laistigh dár seirbhísí cúram sláinte, tar éis trealamh TCP inmhúirínithe a úsáid ar bhonn píolótach, tá tús curtha againn in 2024 le napruin inmhúirínithe a thabhairt isteach ar fud ár seirbhísí cúram sláinte mar chuid dár dtiomantas ginearálta d'acmhainní a úsáid ar bhealach freagrach. Cuireann na tionscnaimh seo tús le claochlú fadtéarmach ar an gcaoi a ndéanaimid bainistíocht ar ár dtionchar ar an gcomhshaoil.



Déanann comhghleacaithe Lá Domhanda Athchúrsála a chomórath in Ionad Sláinte Vhi 360 i gCarraig Mhaighin



Daoine Sláintiúla

In Vhi, creidimid go síneann an dea-shláinte níos faide ar aghaidh ná cúram sláinte chuig pobail nasctha. Trínár n-urraíochtaí agus comhpháirtíochtaí, táimid ag tacú le dea-shláinte agus folláine, ag seachadadh tionscnaimh a thugann tairbhí sláinte, a neartaíonn naisc agus a thacaíonn le daoine saol níos faide, níos láidre agus níos sláintiúla a chaitheamh.

Rinneadh ceiliúradh in 2024 ar 10 mbliana d'urraíocht Vhi ar Mhionmharatón na mBan Vhi, ócáid shuaitheanta a thug breis agus 25,000 bean le chéile chun 10km a rith i lár chathair Bhaile Átha Cliath. Ní hamháin gur léirigh an ócáid seo ina raibh hiontrálaithe idir 14 agus 93 bliain d'aois, cumhacht na gníomhaíochta coirp ach threisigh sé freisin ár dtiomantas do leas ár mball.

Ó 2016 i leith, tá Vhi ina chomhpháirtí léirithe ag parkrun Ireland, imeacht seachtainiúil saor in aisce atá tar éis dul ó 46 go 150 ionad ar fud na tíre sa tréimhse sin. In 2024 baineadh garsprioc nua amach ó thaobh rannpháirtíochta de, le breis agus 500,000 5km curtha i gcrích den chéad uair agus os cionn 100,000 cás d'obair dheonach. .

Leanamar ar aghaidh chomh maith lenár dtiomantas do thacú le daoine óga trí Chiste Sláinte & Folláine Vhi, ciste a sheachadtar i gcomhpháirtíocht le Fondúireacht Óige na hÉireann. Agus é ina cheathrú bliain anois, chuir an ciste €90k ar fáil i ndeontais do naoi dtionscadal pobail ar fud Chorcaí, Bhaile Átha Cliath, Dhún na nGall, na Gaillimhe, Chill Chainnigh agus Luimnigh. Tá sé mar aidhm ag an gCiste tacú le daoine óga trí athléimneacht a neartú agus trí chabhrú leo a gcuid imní a bhainistiú.

Trí thionscnaimh a chuireann gluaiseacht, meabhairshláinte dhearfach agus athléimneacht na hóige chun cinn, táimid ag cabhrú le pobail níos sláintiúla a chruthú ina mbraitheann daoine go bhfuil tacaíocht, cumhacht agus naisc acu chun aire a thabhairt dá bhfolláine.



Bhí Venture Out Wilderness Project a ritheann cláir chruthaitheacha, nádúrghnaithe chun tacú le daoine óga ó phobail faoi mhíbhuntáiste ar cheann de naoi dtionscadal ar bronnadh deontais orthu trí Chiste Sláinte & Folláine Vhi.

Sracfhéachaint ar an Inbhuanaitheacht

25k

Rannpháirtithe i Mionmharatón na mBan Vhi

43,000+kg

Laghdú 43,000kg CO₂ mar thoradh ar an aistriú flít go feithiclí leictreonacha

11%

Laghdú ar úsáid páipéir ó 2023 i leith

20%

Méadú ar athchúrsáil ó 2023

44

Cláir maoinithe i 4 bliana ó Chiste Sláinte & Folláine Vhi

500k+

Ritheadh breis agus 500km de parkrun in 2024

20kg

Mil a tháirgtear i gcoirceoga i Sráid na Mainistreach Vhi agus i gCill Chainnigh

14%

Méadú 14% ar líon na gcomhghleacaithe a bhain leas as an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre in 2024 i gcomparáid le 2023



D'fhág na rannpháirtithe, Chantelle Machokoto, agus Ellen Shumba a gcuid boinn tar éis Mionmharatón na mBan Vhi 2024.



Fiona Murphy Bainisteoir Inbhuanaitheachta an Ghrúpa agus Céimí Shivank Sabharwal Vhi ag Féile Cúraim Vhi áit ar cuireadh Taisteal Gníomhach i Sráid na Mainistreach agus i gCill Chainnigh agus an Scéim Rothar chun na hOibre chun cinn



Emer Haughey, Ceann na hInbhuanaitheachta, ag cur síos ar straitéis cúram sláinte inbhuanaithe Vhi ag an gCruinniú Mullaigh Náisiúnta Inbhuanaitheachta



Rannpháirtithe i parkrun Marlay i mBaile Átha Cliath áit a raibh Vhi ina óstach ar ócáid speisialta Folláine roimh Mionmharatón na mBan Vhi.

Éachtaí agus Uaillmhianta 2024

Gnó Sláintiúil
Cultúr a chothú ina bhfuil inbhuanaitheacht lárnach dár gcinnteoireacht go léir.

3

5

12

13

Comhtháthú ESG

3

5

12

13

Trédhearcacht Radacach

5

12

13

Inbhuanaitheacht Meon

Réimse fócais

Comhtháthú ESG
Breithnithe ESG a chomhtháthú inár struchtúir rialachais, inár mbainistíocht riosca agus inár gcinntí infheistíochta

Éachtaí agus Uaillmhianta 2024

- Rialachas inbhuanaitheachta feabhsaithe ar leibhéal an Fheidhmeannais agus an Bhoird e.g. bunaíodh Coiste Inbhuanaitheachta an Ghrúpa, agus rinneadh leasuithe ar Choistí an Bhoird chun a ról feabhsaithe maidir leis an straitéis inbhuanaitheachta agus tuairisciú inbhuanaitheachta a léiriú.
- Forbraíodh Ráiteas Beartais Comhshaoil agus Ráiteas Beartais Fuinnimh.
- Cuireadh tús le clár riosca aeráide dhá chéim (Céim 1 curtha i gcrích) a shainathin rioscaí aeráide agus deiseanna ar fud an ghrúpa. Tá cainníochtú déanta ar chásanna aeráide anois agus déanfar rioscaí aeráide a neadú inár gCreat Bainistíochta Riosca foriomlán in 2025 (Céim 2 den chlár).

Trédhearcacht Radacach
Bí oscailte agus trédhearcach maidir leis an dul chun cinn ar ár dturas inbhuanaitheachta a chur in iúl

Éachtaí agus Uaillmhianta 2024

- Críochnaíodh an dara nochtadh dár gcuid do CDP, an Tionscadal um Nochtadh Carbóin roimhe seo, agus baineadh rátáil D amach in 2024.
- Leanadh de thuairisciu a dhéanamh dhá uair sa bhliain, do NewERA faoin gCreat um Ghníomhaíocht ar son na hAeráide le haghaidh Comhlachtaí Leathstáit Tráchtála.
- Áiríodh rannán inbhuanaitheachta feabhsaithe i dTuarascáil Bhliantúil 2023.
- Chríochnaíomar an chéad tuarascáil TCFD (Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid) de chuid Vhi.
- Cuireadh tús lenár gclár ullmhachta don Treoir um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí (CSRD) e.g. ár dTionchair, Riosca & Deiseanna a shainathint, ár slabhra luacha a mhapáil, agus tús a chur lenár n-anailís ar bhearnaí tuairiscithe agus anailís Tacsanomaíochta an AE.
- Seoladh ár straitéis inbhuanaitheachta go himmheánach trí Sheisiún Samhraidh Inbhuanaitheachta hibrídeach i mí Iúil ina raibh plé painéil lenár Stiúrthóir Bainistíochta Árachais, Stiúrthóir Bainistíochta Sláinte & Folláine, agus lenár bPríomhoifigeach Daoine & Inbhuanaitheachta. Rinne an Dr Tara Shine an plé painéil seo a stiúradh. Thacaigh suíomh inmheánach inbhuanaitheachta SharePoint do chomhghleacaithe leis seo chomh maith.
- Feabhsaíodh an mhír inbhuanaitheachta ar ár suíomh gréasáin vhi.ie.

Meon na hInbhuanaitheachta
Meon a chothú in Vhi, ina bhfuil inbhuanaitheacht fite fuaite le post gach duine

Éachtaí agus Uaillmhianta 2024

- Cuireadh oiliúint ar cheannaireacht inbhuanaitheachta agus riosca aeráide ar fáil don Bhord, mar aon le rochtain ar CSRD agus ar chúrsa ar líne maidir le Ceannaireacht Inbhuanaitheachta, arna éascú ag Change by Degrees. Bhí na cúrsaí seo ar fáil do chomhaltaí an Choiste Ainmniúcháin, Rialachais & Inbhuanaitheachta, comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta, comhaltaí Fhoireann Ceannaireachta an Ghrúpa, comhaltaí Choiste Inbhuanaitheachta an Ghrúpa agus daoine aonair iomchuí eile.
- Cuireadh oiliúint Inbhuanaitheachta éigeantach uile-chomhghleacaí i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2024 agus baineadh amach ráta críochnaithe 95%.
- Tugadh tacaíocht do chomhghleacaithe eile in oideachas a bhaineann go sonrach lena gcuid ról e.g. soláthar inbhuanaithe, tuairisciú inbhuanaitheachta, riosca aeráide.
- Comhdhearadh agus comhsheachadadh seisiún Oideachais Chliniciúil ar Shláinte Phláinéadach lenár gcomhghleacaithe i Sláinte & Folláine.

Éachtaí agus Uaillmhianta 2024 ar lean



Daoine Sláintiúla

Dea-shláinte agus folláine a chur chun cinn dár gcomhghleacaithe, dár mbaill agus dár bpobail.







Folláine agus Cuimsiú san Ionad Oibre Tairiscintí Inbhuanaithe Pobail Shláintiúla

Réimse fócais	Éachtaí agus Uaillmhianta 2024
 Folláine agus Cuimsiú san Ionad Oibre Tallann den scoth a mhealladh agus a choinneáil trí ionad oibre a chruthú a chuireann folláine agus muintearas chun cinn	- Cláraíodh don Ghealltanas Elevate de chuid Ghnó sa Phobal, an gealltanas cuimsitheach san ionad oibre, a léiríonn ár dtiomantas do chultúr a chothú inar féidir le comhghleacaithe a bheith istigh leo féin. - Leanadh ar aghaidh ag tacú le cultúr na hionchuimsitheachta agus an mhuintearais in Vhi trí Lónra na mBan, Lónra an Bhróid agus an Lónra Ilchultúrtha. - Foilsíodh an tríú Tuarascáil dár gcuid maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní. - Tháinig méadú (ó 3% go 82%) ar chéatadán ár gcomhghleacaithe a deir gur féidir leo a bheith istigh leo féin ag an obair. - Baineadh amach an marc Airgid d’Infheisteoirí san Éagsúlacht ó Ionad Éagsúlachta na hÉireann. - Tugadh isteach Beartas Meanapáis chun a chinntiú go mbíonn an tacaíocht riachtanach ag comhghleacaithe le linn na céime tábhachtaí saoil seo. - Reáchtáladh an chéad bhabhta de na gradaim “Powered by Values” chun aitheantas a thabhairt do dhaoine agus d’fhoirne a léiríonn ár luachanna – “Ní neart go cur le chéile”, “Treoraímid ón gcroí amach” agus “An misneach chun todhchaí nua a chruthú” gach uile lá. - Rinne Vhi comhurraíocht ar imeacht i gcomhar le Lónra na mBan chun feisteas inbhuanaithe a chur le chéile.
 Tairiscintí Inbhuanaithe Táirgí agus seirbhísí nuálacha, inbhuanaithe a fhorbairt a bhunaíonn caighdeán nua sa mhargadh	- Fógraíodh go mbeidh Ionad Sláinte Vhi 360 athfhorbartha oscailte ó thús 2025 i nGaillimh, áit a mbeidh raon buntáistí ar fáil do bhaill in Iarthar na hÉireann, lena n-áirítear Clinic Cúraim Phráinne ina ndéanfar mionghortuithe agus mionbhreiteachtaí a chóireáil agus ina mbeidh rochtain ar fhoireann ildisciplíneach cliniceoirí. - Fostaíodh Comhairleoir Folláine Inbhuanaitheachta chun straitéis folláine inbhuanaithe a fhorbairt agus a sheachadadh chun tacú lenár gcustaiméirí corparáideacha ina gcuid spriocanna folláine agus inbhuanaitheachta. - Bhí Vhi ina urraitheoir ar an “Cruinniú Mullaigh um Inbhuanaitheacht i gCúram Sláinte” i mí Dheireadh Fómhair, áit ar thug an Ceann Inbhuanaitheachta cur i láthair, agus ghlac sé páirt i bplé painéil le painéalaithe ó FSS agus an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte i measc daoine eile.
 Pobail Shláintiúla Pobail shláintiúla inbhuanaithe a chur chun cinn trí nasc a dhéanamh idir sláinte an duine agus sláinte an phláinéid	- Rinneadh urraíocht ar Mhionmharatón na mBan Vhi don deichiú bliain inar ghlac 25k rannpháirtí páirt. - Leanadh lenár gcomhpháirtíocht le parkrun, imeacht a reáchtáiltear i 130 ionad ar fud na tíre, le thart ar 10k rannpháirtí in aghaidh na seachtaine. - Chun mí Dhomhanda na Meabhairshláinte a chomóradh, sheolamar feachtas mar chuid dár sraith More Than Running a bronnadh gradaim uirthi, ag cur béime ar na buntáistí meabhairshláinte a bhaineann le páirt a ghlacadh i parkrun. - In 2024, bronnadh Ciste Sláinte agus Folláine Vhi i gcomhpháirtíocht le Fondúireacht Óige na hÉireann deontais as méid iomlán €90k ar 9 thionscadal a bhfuil sé mar aidhm acu athléimneacht a neartú i ndaoine óga agus cabhrú leo a gcuid imní a bhainistiú.



Pláinéad Sláintiúil

Oibriú laistigh de theorainneacha pláinéadacha agus tionchar glan dearfach a imirt ar an dúlra.







Neodracht Carbóin Nuálaíocht Chiorclach Dearfach ó thaobh Dúlra

Réimse fócais	Éachtaí agus Uaillmhianta 2024
 Neodracht Carbóin Ár n-oibríochtaí agus ár slabhra soláthair a dhícharbónú agus a bheith inár ngnó atá neodrach ó charbón faoi 2050	- Cuireadh tús lenár gClár um Neodracht Carbóin agus chuireamar cleachtadh lorg iomlán carbóin i gcrích thar na trí raon, ag úsáid 2023 mar bhonnlíne. - Faoi dheireadh 2023, bhí feabhas 42.5% tagtha ar ár n-éifeachtúlacht fuinnimh ó bhí an bhliain bhonnlíne 2009 ann. - Aistríodh ár bhfoireann Díolacháin go feithiclí leictreacha 2024 agus laghdaíodh astaíochtaí carbóin feithicle faoi 43,018kg CO₂ dá bharr sin. - Tríd an aistriú chuig níos mó cumarsaídí digiteacha a dhéanamh lenár mbaill in 2024, laghdaíodh an méid páipéir a d’úsáideamar faoi 11% i gcomparáid le 2023, agus 33% i gcomparáid le 2020. - Infheistíodh in ardán bainistíochta fuinnimh chun cabhrú linn ár n-astaíochtaí agus ár n-úsáid fuinnimh a rianú agus tionscnaimh a chur i bhfeidhm. - Tháinig feabhas ar dheighilt dramhaíola in 2023 i gcomparáid le 2024 agus tháinig méadú 20% ar athchúrsáil. - D’earcaíomar Ceannaire Fuinnimh, agus Speisialtóir Timpeallachta a chuireann tuilleadh lenár gcumas agus lenár n-acmhainn ó thaobh an chomhshaoil agus fuinnimh de. - Sheolamar tionscnamh athfhillte buidéil agus cannaí i Sráid na Mainistreach (i gcomhpháirtíocht le Fondúireacht Óige Éireann) agus i gCill Chainnigh (i gcomhpháirtíocht le WeCan). - I mí na Nollag, tháinig Vhi chun bheith ina sínitheoir de bhunaitheoirí an ‘Pacáiste Luathaithe Gnó don Aeráid agus don Dúlra’ de chuid Business in the Community.
 Nuálaíocht Chiorclach Dramhaíl a dheardh amach agus prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a leabú ar fud ár n-oifigí agus ár suíomhanna cúram sláinte go léir	- Chuireamar ualú inbhuanaitheachta 10% san áireamh i bpríomhthairiscintí. - Tá deireadh á chur le napruin TCP inmhuirínithe de réir a chéile ar fud ár seirbhísí cúraim sláinte go léir agus níl ach TCP inmhuirínithe á cheannach anois. - Rinneamar ár gclár píolótach dramhaíola cliniciúil a chur i bhfeidhm inár gClinic Sláinte 360 i Luimneach. - Tugadh isteach córas Winnow inár mbialanna ar Shráid na Mainistreach agus i gCill Chainnigh chun cur amú bia a thaifeadadh trí theicneolaíocht chliste. - Suiteáladh bith-dhíleáiteoir inár n-oifig i gCill Chainnigh, ag fáil réidh le cur amú bia ónár mbialann comhghleacaí; tá an múirín á úsáid anois chun fálaíthe a bheathú timpeall an láithreáin.
 Dearfach ó thaobh Dúlra An dúlra a athbhunú agus a chosaint agus feasacht a ardú ar an nasc rithbhachtach idir sláinte daoine, an dúlra agus an pláinéad	- Sa dara leath de 2024, chuireamar bith-dhíleáiteoir isteach inár mbialann i gCill Chainnigh. Baineadh úsáid as millíní orgánacha ón mbith-dhíleáiteoir seo chun na fála inár gcarrrchlós a bheathú. - Trí chomhoibriú bithéagsúlachta 50:50 i gcomhar le Comhairle Contae Fhine Gall rinneamar síolta bláthanna fiáine a bhaint, a thriomú agus a chur ónár láithreán úrnua i Sord agus thosaíomar á gcur inár n-oifig i gCill Chainnigh. - Tháinig ár gcúig choirceog de bheacha, i Sráid na Mainistreach agus i gCill Chainnigh, 20kg de mhill in 2024 agus díoladh agus úsáideadh an mhill sin inár mbialanna comhghleacaithe.

36 Vhi Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2024

Vhi Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2024 37



Rialachas

Tá dea-rialachas corparáideach riachtanach chun go n-éireoidh lenár n-eagraíocht.

Tá Grúpa Vhi tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh, ardchaighdeáin gnó, trédhearcachta agus gairmiúlachta inár ngníomhaíochtaí ar fad.

Tá sé d'aidhm againn tabhairt faoi ghnó de réir fhuarlitir agus spiorad an dlí, na rialachán agus na gcód ábhartha a bhaineann le rialáil agus comhlíonadh a bhfuil feidhm leo i dtaca le gníomhaíochtaí rialáilte Ghrúpa Vhi, chomh maith le beartais agus caighdeáin inmheánacha maidir le comhlíonadh.

Tá sé d'aidhm againn gníomhú go hionraic, go macánta agus go cóir agus muid ag plé le custaiméirí, othair agus páirtithe leasmhara eile.

Féachann Bord Ghrúpa Vhi lena chinntiú go bhfuil a struchtúir rialachais oiriúnach dá gcuspóir, cuí agus éifeachtach le haghaidh nádúr, scála agus chastacht réimeanna gnó Vhi.

Bhunaigh Grúpa Vhi Coistí agus tugtar údarás do na Coistí seo tabhairt faoi obair áirithe ar a shon. Is ar Bhord Ghrúpa Vhi atá an t-údarás cinnteoireachta deiridh, áfach, agus tá an Bord sin freagrach as na cinntí go léir a dhéantar.

Coistí Ghrúpa Vhi:

- Coiste Iniúcháireachta an Ghrúpa – faoi chathaoirleacht Mary Halton
- Coiste Riosca an Ghrúpa – faoi chathaoirleacht Mike Frazer
- Coiste Luacha Saothair an Ghrúpa – faoi chathaoirleacht Karen Furlong
- Coiste Ainmniúcháin, Rialachais agus Inbhuanaitheacht an Ghrúpa – faoi chathaoirleacht Greg Sparks, Cathaoirleach an Bhord Ghrúpa Vhi

Bainistíocht Riosca

Cabhraíonn Bainistíocht Riosca le Vhi dul i ngleic le dúshláin agus deiseanna a thapú chun cuspóirí straitéiseacha an Ghrúpa a bhaint amach. Rinneadh príomhrioscaí agus príomh-neamhchinnteachtaí Vhi a chinneadh trí rioscaí féideartha a mheasúnú sna catagóirí seo a leanas: Airgeadas agus Caipiteal, Cúrsaí Oibríochtúla, Cúrsaí Straitéiseacha, Daoine agus Cultúr, agus Luach agus Iompar Custaiméirí.

Cur chuige Vhi i leith Bainistíocht Riosca




Rialachas
Tá próisis rialachais i bhfeidhm ag Vhi a dhéanann Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin a mhaoirsiú ag leibhéal Bhord an Ghrúpa agus ag leibhéal boird fochuideachtaí i gcás ár bhfochuideachtaí. Faigheann Coiste Riosca an Ghrúpa tuarascálacha ó Oifigeach Riosca an Ghrúpa agus feidhmeannaigh eile Vhi de réir mar is cuí. Tá an Coiste sin freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar riosca ar fud an Ghrúpa agus déanann sé inghlacthacht riosca a mholadh do Bhord an Ghrúpa. Tá an Coiste Bainistíochta agus Comhlíonta Riosca (CBRC) agus an Coiste Cáilíochta, Sábháilteachta agus Riosca (CCSR) freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar riosca d'Árachas agus H&W faoi seach.

Cur chuige agus cur i bhfeidhm
Úsáideann Vhi cur chuige 'trí líne chosanta' i leith bainistíocht riosca. Bainistimid riosca ar fud ár ngnólachtaí soláthair agus árachais sláinte de réir ár gCreata Bainistíochta Riosca a fhaomhann an Bord. Leagtar amach sa Chreat sin na prionsabail a bhaineann le córas bainistíochta riosca láidir agus leanúnach inár gcéad líne chosanta.

- Mar chuid de chultúr Vhi:**
- Déanann an cheannaireacht iompar riosca inmhianaithe a bhunú ón mbarr anuas
 - Bunaítear caighdeáin iompair riosca inár bpróisis bhainistíochta feidhmíochta agus ní léirítear aitheantas ar ghlacadh leis an iomarca riosca
 - Mínítear agus tuigtear ról agus freagrachtaí go soiléir, agus déantar cuntasacht as iompar riosca a bhunú agus a bhainistiú
 - Níl cultúr an mhilleáin i bhfeidhm in Vhi agus déantar tuairisciú oscailte agus trédhearcach ar theagmhais agus neastimpiste riosca.

Saolré Bainistíochta Riosca Fiontar



Tá córais tuairiscithe sheanbhunaithe i bhfeidhm againn chun a chinntiú go ndéantar rioscaí móra dár ngnólachtaí a shainaithint, a chur ar aghaidh, a bhainistiú agus a mhaolú. Tugaimid faoi athbhreithnithe mionsonraithe agus anailísí doimhne ar rioscaí áirithe nuair is gá. Tugaimid faoi anailís ar chnámha scéil chun ár riachtanais chaipitil a shainaithint i bhfianaise ár rioscaí agus ár bpleananna gnó tríd an bpróiseas Féinmheasúnaithe Riosca agus Sócmhainneachta (ORSA) & próisis Féinmheasúnaithe Riosca.

Áirítear lenár bpróisis bainistíochta riosca machnamh follasach ar an gcaoi a bhféadfadh rioscaí dár straitéis teacht chun cinn nó forbairt amach anseo, agus cé na gníomhartha ba cheart dúinn a dhéanamh anois chun na rioscaí sin a mhaolú nó chun na deiseanna a eascraíonn astu a thapú.

Tá caighdeáin rialaithe na bpríomhrioscaí chun tabhairt faoinár ngnó leagtha amach inár mbeartais. Cuireann ár n-aonaid ghnó iad sin i bhfeidhm, agus maoirsíonn na húinéirí beartais iad chun comhlíonadh a chinntiú. Tá úinéirí ainmnithe ag gach polasaí le ról agus freagrachtaí sainithe a sholáthraíonn úinéireacht shoiléir agus cuntasacht riosca. Déanann ár dtimthriall bliantúil de mhonatóireacht ar rialú measúnú ar chomh maith agus a leabaítear

rialú inmheánach, cleachtais bainistíochta riosca agus comhlíonadh beartais ar fud Vhi.

Inghlacthacht Riosca
Leagtar amach i gCreat Inghlacthachta Riosca agus Ráitis Vhi leibhéal agus cineál an riosca lena nglacadh Grúpa Vhi chun a chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach, agus teorainneacha agus lamháltais curtha i bhfeidhm maidir leis na príomhrioscaí gnó. Cuireann inghlacthacht riosca bonn eolais leis an straitéis, le planáil ghnó agus le próisis oibríochtúla agus féachann sí lena chinntiú go bhfuil a gcur i ngníomh ag teacht leis na ráitis inghlacthachta riosca arna leagan síos ag an mBord.

Díríonn an Ráiteas Inghlacthachta Riosca ar na réimsí seo a leanas:

- Neart airgeadais a bhainistiú.
- Riosca straitéiseach agus gabháil do ghníomhaíocht ghnó inbhuanaithe.
- Feidhmiú ar bhonn éifeachtach agus éifeachtúil.
- Caitheamh le custaiméirí ar bhealach freagrach, cothrom agus comhlíontach.
- Daoine agus rioscaí cultúir a bhainistiú.

Bainistíocht Riosca ar lean

Riosca Straitéiseach

An riosca nach mbaineann Vhi Group DAC a chuspóirí straitéiseacha amach. Cumhdaíonn an riosca straitéiseach an riosca bunúsach inár samhail straitéiseach agus ghnó agus d'fhéadfadh sé teacht as gnéithe inmheánacha agus gnéithe seachtracha.

Áirítear leis na rioscaí reatha:

- Comhionannú Riosca neamhleor;
- Boilsciú níos airde agus marbhántacht eacnamaíoch,
- Athruithe soláthair agus éilimh sa chúram sláinte, agus
- Tionchar athruithe reachtacha, polaitiúla, sochaíocha agus rialála i dteannta na rioscaí a bhaineann le soláthar rathúil ár gclár athraithe.

An chaoi a mbainistimid é

- Athbhreithnímid ár dtáirgí agus ár dtairiscintí go rialta chun a chinntiú go bhfuilimid fós ag soláthar luach dár gcustaiméirí, fiú i bhfianaise na ndúshlán eacnamaíoch.
- Táimid ag infheistiú i gclaochlú agus i gcur i bhfeidhm straitéise chun cúram sláinte níos fearr a thabhairt dár mbaill.
- Chomhtháthaíomar inbhuanaitheacht inár gCreat Bainistíochta Riosca ar fud an Ghrúpa agus leanaimid ag díriú ar riosca aeráide a leabú go hiomlán ar fud an Ghrúpa.

Riosca Oibriúcháin

Riosca caillteanais airgeadais nó damáiste do chlú mar gheall ar phróisis, daoine nó córais inmheánacha neamhleora nó ar theip orthu a théann i bhfeidhm ar oibríochtaí gnó Ghrúpa Vhi, ina measc cibearshlándáil, cosaint sonraí agus leanúnachas gnó, ach nach bhfuil teoranta dóibh siúd.

Áirítear le rioscaí reatha:

- Easpa príomhscileanna, cibearshlándáil agus cosaint sonraí agus
- Athléimneacht Seirbhíse agus ag brath níos mó ar thríú páirtithe.

An chaoi a mbainistimid é

- Próisis rialaithe riosca inmheánacha agus creata rialachais éifeachtacha a chothú de réir creat beartais soiléir a thagann lenár nInghlactacht Riosca.
- Infheistíocht leanúnach chun athléimneacht córais slándála agus TF a fheabhsú agus bearta Cosanta Sonraí eile de réir mar a forbraítear an gnó (e.g. digitiú).
- A chinntiú go gcoimeádaimid caighdeán arda tríú páirtithe a thacaíonn lenár bpríomhsheirbhísí agus lenár bpróisis, le formhaoirseacht, agus pleananna cuí agus an cumas teacht chugainn féin i ndiaidh bristeacha seirbhíse.

Riosca Airgeadais agus Caipitil

Rioscaí a bhféadfadh caillteanas caipitil eascairt astu agus/nó a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar shócmhainneacht an ghnó, ar nós an riosca nach gcomhlíonfaí ceanglais sócmhainneachta, caillteanais airgeadais agus rioscaí cúlchiste.

Áirítear le rioscaí reatha:

- Éiginnteacht i gcostas agus forbairt éileamh,
- Rioscaí airgeadais ó fhiontair nua inár straitéis athraithe, agus
- Margaí airgeadais luaineacha.

An chaoi a mbainistimid é

- Teorainneacha sainithe riosca agus bainistiú caipitil, tarmligean údaráis agus monatóireacht ar tháscarí tosaigh ar athruithe ar rioscaí a chur in áirithe agus a fhrithghealladh.
- Déanaimid bainistíocht ar ár gcomhpháirtíochtaí le hospidéal agus le soláthraithe cúraim eile lena chinntiú gur féidir linn rochtain a thabhairt dár mbaill ar chúram ardchaighdeán ar bhonn iontaofa intuatha.
- Monatóireacht dhlúth ar éilimh agus meascán gnó, agus freagairt d'imeachtaí seachtrach go pras.

Iompar agus Luach Custaiméara

Is iad na rioscaí rud ar bith a bhagródh cuspóir an ghnó caitheamh le custaiméirí go cóir agus leis an scil, an cúram agus an díograis chuí, agus dochar do bhaill a íoslaghdú.

Áirítear le rioscaí reatha:

- Cumarsáid earráideach a dhéanamh le custaiméirí agus eolas faoi sheirbhísí nó comhairle á tabhairt do chustaiméirí, agus
- Cur isteach ar rochtain na mball ar shochair árachaithe.

An chaoi a mbainistimid é

- Torthaí custaiméirí córa a leabú i ndearadh agus i soláthar táirgí agus seirbhísí.
- Monatóireacht ar rannpháirtíocht le custaiméirí agus soláthar agus rochtain ar sheirbhís sláinte chun tuiscint iomlán a fháil ar na tionchair ar gach cineál custaiméara agus ar thaithí gach cineál custaiméara.
- A chinntiú go ndéantar measúnú iomlán ar rioscaí iompair agus luach custaiméara i measúnuithe riosca athraithe gnó le hionchur ó shaineolaithe ar an ábhar ar fud an Ghrúpa.

Riosca maidir le Daoine agus Cultúr

Rioscaí a mbíonn drochthionchar acu ar ár gcustaiméirí a eascraíonn den chuid is mó as iompar fostaithe agus/nó neamhchomhlíontacht le beartais, nósanna imeachta, cleachtais agus/nó rialacha Vhi Group DAC.

Áirítear le rioscaí reatha:

- Acmhainní agus folláine foirne;
- Neamhchosaint foirne cúraim sláinte ar bhreiteacht sa phobal;
- Pleanáil comharbais agus
- Iomaíochas le haghaidh príomhscileanna.

An chaoi a mbainistimid é

- Dul chun cinn agus monatóireacht ar fhorbairt cultúir laistigh dár straitéis daoine.
- Clár Sláinte & Folláine a chur i bhfeidhm chun tacú leis an bhfoireann.
- Forbairt ar bhealaí nua oibre, luacha saothair agus bainistíochta feidhmíochta inár Straitéis Daoine.
- Dea-chleachtas a fheidhmiú i seirbhísí cúram sláinte chun Vhi a chinntiú mar fhostóir a thugann rogha.

Riosca Cliniciúil

Riosca go ndéanfaimid díobháil a d'fhéadfaí a sheachaint d'othair trínár soláthar de sheirbhísí cúraim sláinte.

Áirítear le rioscaí reatha:

- Seirbhísí cúraim sláinte nua, ina measc seirbhísí tríú páirtí agus
- Easpa foirne ag a bhfuil an saineolas riachtanach.

An chaoi a mbainistimid é

- Tá an Príomh-Oifigeach Cliniciúil freagrach as cáilíocht agus rialachas cliniciúil laistigh den ghnó a chinntiú.
- Bainistiú agus monatóireacht leanúnach ar na príomhbhearta Coisc agus Rialaithe Ionfhabhtuithe.
- Monatóireacht agus bainistiú ár gcumais, inniúlachtaí agus éifeachtacht córas TF, soláthraithe, próiseas agus rialuithe a úsáidtear inár seirbhísí cúraim sláinte.

Dul chun Cinn in 2024

Bhí athruithe sa phatrún soláthair cúraim sláinte príobháidí agus poiblí (tionchar féideartha Sláintecare san áireamh), chomh maith le boilsciú (a théann i bhfeidhm ar chostais agus ar inacmhainneacht) agus éiginnteacht eacnamaíoch ina mbunspreagthaí riosca.

Leis an dul chun cinn atá déanta maidir lenár gclár athraithe agus ár múnla sprioc-chúraim, chomh maith le bonneagar digiteach a chumasú, táimid i riocht níos fearr chun na rioscaí seo a bhainistiú agus ár spleáchas ar leibhéil foirne agus neamhchosaint ar bhorthaí gnó a laghdú.

Tá dul chun cinn á dhéanamh againn ar an gcultúr a fhorbairt chun tacú lenár straitéis, trí fhoireann nua a choinneáil agus a mhealladh, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil príomhscileanna cliniciúla acu, ar bhonn fleisc-ama agus pacáistí luach saothair oiriúnaithe.

Táimid ag obair chun ár soláthar seirbhíse sláinte féin a dhéanamh níos athléimní agus a bheith in ann na hionchais a chruthaímid lenár mbranda a chomhlíonadh.

Táimid tar éis méadú suntasach a dhéanamh ar mhaoirseacht slándála faisnéise agus ar thuairisciú feidhmeannach agus boird, chomh maith le rialuithe agus tástáil rialaithe a fheabhsú le haghaidh pleanáil theagmhasach do rioscaí a bhaineann le suaithreadh gnó.

Tá cuntasacht agus maoirseacht bunaithe againn ar gach gné den inbhuanaitheacht laistigh de Vhi. Tá tús curtha lenár gclár neodrachta carbóin a chuimseoidh lorg carbóin iomlán a chur i gcrích, agus treochlár dícharbónaithe agus Plean Gníomhaíochta Aeráide a fhorbairt.

Bainistíocht Riosca ar lean

Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid (TCFD)

Téama TCFD	Moladh TCFD	Ár nDul Chun Cinn
Rialachas Nochtadh a dhéanamh ar rialacha na heagraíochta maidir le rioscaí agus deiseanna a bhaineann leis an aeráid.	a. Déan cur síos ar mhaoirseacht an bhoird ar rioscaí agus deiseanna a bhaineann leis an aeráid.	Faomhann an Bord, Féinmheasúnú Riosca (“ORA”) don Ghrúpa ar bhonn bliantúil. Is é Coiste Riosca an Ghrúpa a bhfuil freagracht maoirseachta air as riosca, lena n-áirítear riosca Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (“ESG”) ar fud an Ghrúpa, a mholann an Féinmheasúnú Riosca don Bhord le lena fhaomhadh. Mar an gcéanna, an Bord Árachais faomhann sé Measúnú Riosca agus Sócmhainneachta Féin (ORSA) ar bhonn bliantúil. Tá an Molann an Riosca Árachais ORSA le faomhadh a thabhairt don Bhord Árachais Coiste Bainistíochta & Géilliúntais. Tugadh cásanna ESG isteach don ORSA agus ORA in 2022 agus tá siad ag athrú ó shin i leith. In 2024, chuireamar tús le clár cuimsitheach riosca aeráide mar chuid den Gnó Shláintiúil mar chrann taca dár straitéis inbhuanaitheachta. Dhírigh an clár ar: obair a críochnaíodh go dtí seo a bhailíochtú, liosta fada de rioscaí a bhaineann leis an aeráid a fhorbairt agus deiseanna, Cás Bunlíne agus tréimhse ama a roghnú don riosca aeráide measúnú ábharthachta don ORSA agus don ORA agus an tionchar a bhíonn acu sin a chainníochtú cásanna. Cuireadh nuashonruithe ar an gclár ar fáil don Ghrúpa le linn 2024 agus Coistí Ainmniúcháin Árachais, Rialachais & Inbhuanaitheachta a thuairiscíonn na boird Ghrúpa agus Árachais faoi seach. Forbairt an ORSA agus ORA, agus cásanna riosca aeráide gaolmhara agus cainníochtú, maoirsithe ag an nGrúpa An Coiste Riosca agus an Coiste Árachais agus Bainistíochta Riosca agus Comhlíonta. Chun tacú leis an nGrúpa agus na boird Árachais, cuireadh oiliúint riosca aeráide ar fáil i 2024. Dhírigh an oiliúint seo ar ionchais rialála, ar phríomhrioscaí aeráide Vhi agus ar an roghnú agus úsáid cásanna riosca aeráide laistigh de Vhi.
	b. Déan cur síos ar ról na bainistíochta maidir le rioscaí agus deiseanna a bhaineann leis an aeráid a mheasúnú agus a bhainistiú.	Tá Oifigeach Daoine & Inbhuanaitheachta an Ghrúpa freagrach as ceannaireacht feidhmiúcháin agus cur i bhfeidhm straitéis inbhuanaitheachta Vhi agus tuairiscíonn sé don Bhord ag an Grúpa ina leith seo, trí Choiste Ainmniúcháin agus Rialachais an Bhoird a bhfuil freagracht mhaoirseachta air as cúrsaí inbhuanaitheachta. I 2024, bainistíocht choiste, bunaíodh “Coiste Inbhuanaitheachta an Ghrúpa”, le freagracht le haghaidh maoirsiú bainistíochta ar sheachadadh straitéis inbhuanaitheachta an Ghrúpa. Tá Oifigeach Riosca an Ghrúpa (ORG) freagrach as rioscaí airgeadais ón aeráid a bhainistiú athrú ar chomhlíonadh PR24 faoin gCóras Cuntasachta Sinsearach Feidhmiúcháin (CCSF) agus tuairiscíonn sé do Bhord an Ghrúpa trí Choiste Riosca an Ghrúpa agus chuig an An Bord Árachais, tríd an gCoiste um Bainistíocht Riosca Árachais agus Géilliúlachta. Tá an Tacaíonn an Feidhmeannas leis an gCoiste Bainistíochta Riosca Árachais & Géilliúlachta Coiste Riosca ar thug an ORG nuashonruithe rialta dó i rith 2024 ar an forbairt an ORSA agus cainníochtú riosca aeráide gaolmhar.

Téama TCFD	Moladh TCFD	Ár nDul Chun Cinn
Straitéis Nochtadh a dhéanamh ar na hiarmhairtí iarbhair agus féideartha na rioscaí agus deiseanna a bhaineann leis an aeráid ar ghnóthaí, straitéis agus planáil airgeadais na heagraíochta, i gcás ina bhfuil an fhaisnéis sin ábhartha.	a. Déan cur síos ar na rioscaí agus na deiseanna a bhaineann leis an aeráid atá sainaitheanta ag an eagraíocht sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.	Tríd an gclár riosca aeráide, d’fhorbraíomar cruinne iomlánaíoch rioscaí agus deiseanna a bhaineann leis an aeráid (RO) ag baint úsáide as catagóir ‘PESTDC’ (Polaitiúil, Eacnamaíoch, Sóisialta, Teicneolaíocht, Dlí agus Comhshaoil). Chun an cruinne RO seo a fhorbairt, chuireamar anailís piaraí i gcrích (idir náisiúnta agus idirnáisiúnta), rinneamar athbhreithniú ar na haschuir ó rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a chuireamar i gcrích mar chuid dár gclár forbartha straitéise inbhuanaitheachta in 2023, agus rinneamar measúnú ar nochtadh riosca fisiceach ar leibhéal an tsuímh agus ar an leibhéal réigiúnach. Maidir le riosca fisiciúil aeráide, rinneamar measúnú ar 15 shuíomh Vhi ar fud ár n-oibríochtaí féin, ag scrúdú sé ghuaís aeráide thar dhá chás ar feadh dhá thréimhse ama (2030, 2050). I measc na rioscaí comhshaoil eile tá na cinn a bhaineann le sláinte an duine (mar thoradh ar líon méadaithe iontrálacha ospidéal de bharr rioscaí a bhaineann leis an aeráid) agus imirce ghaolmhar. Baineadh de thátal as seo nach bhfuil aon rioscaí fisiceacha a bhaineann leis an aeráid ag Vhi. Maidir le rioscaí idirthréimhseacha a bhaineann leis an aeráid, áirítear ar na príomhrioscaí scála na hinfheistíochta is gá don trasdul, rioscaí clú ó chomhlachas le hoibríochtaí tionscail ard-astaíochtaí (cúram sláinte) agus cailleanais phunann infheistíochta ionchasacha de bharr risíochtaí ar riosca aeráide. I measc na ndeiseanna a bhaineann leis an aeráid tá clú branda méadaithe ó ghníomh a dhéanamh, iontaoibh na ngeallsealbhoirí méadaithe nó ioncam méadaithe ó thairiscintí táirgí a thugann aghaidh ar imní sláinte a bhaineann leis an aeráid.
	b. Déan cur síos ar thionchar na rioscaí agus deiseanna a bhaineann leis an aeráid ar ghnólachtaí, straitéis agus planáil airgeadais na heagraíochta.	Léiríonn ár straitéis inbhuanaitheachta ár dtiomantas don inbhuanaitheacht agus tá sí ailínithe go hiomlán lenár gcuspóir corparáideach “cabhrú lenár mbaill saol níos faide, níos láidre agus níos sláintiúla a chaitheamh.” Tá sé ailínithe freisin lenár straitéis tráchtála agus lenár Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFlanna) tosaíochta de chuid na NA (SFI 3 Dea-Shláinte & Folláine; SFI 5 Comhionannas Inscne; SFI 13 Gníomhú ar son na hAeráide; SFI 12 Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach; SFI 8 Obair Chúnta & Fás Eacnamaíochta, agus SFI 17 Comhpháirtíocht do na Spriocanna). Mar chuid dár gclár riosca aeráide, bhí creidiúnacht agus stóinseacht na sonraí a bhí ar fáil mar aon le torthaí ábharthachta ón measúnú cáilíochtúil lárnach don chinneadh maidir le cé na ROanna a dhéanfaí a chainníochtú chun críocha cásanna ORSA agus ORA. Léiríonn na cásanna riosca aeráide go bhfuil raon tionchair fhéideartha agus thromchúiseacha ann mar thoradh ar athrú aeráide, ach go bhfuil cainníochtú na dtionchar sin ina réimse éabhlóideach ar gá dúinn éabhlóid leanúnach a dhéanamh air agus coinneáil suas leis. Is iad na príomh-mholtaí sa ghearrthéarma ná infheistíocht leordhóthanach a chinntiú agus tosaíocht a thabhairt d’fhorbairt agus do sheachadadh na Straitéise Inbhuanaitheachta, lena n-áirítear rianú i gcoinne ár spriocanna agus an treoclár atá socraithe go himmheánach, le cuntasacht agus plananna gníomhaíochta soiléire. Is príomhriosca do Vhi é dícharbónú, agus díchúpláil astaíochtaí ón bhfás. Mar gheall ar shrianta ar infhaighteacht sonraí, níorbh fhéidir dícharbónú oibríochtaí Vhi a chainníochtú in 2024. Cuireadh tús le clár Glan-Nialais ar leith faoin gcolún Pláinéad Sláintiúil dár straitéis inbhuanaitheachta in 2024, agus bhain an chéad chéim de le cleachtadh iomlán lorg carbóin a fhorbairt ar fud na dtrí raon feidhme ag baint úsáide as 2023 mar an bhunbhliain. Tá sé mar aidhm ag an gclár seo aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sonraí agus éascú a dhéanamh ar chinnteoireacht eolasach ar thionchar carbóin plananna fáis sa todhchaí.
	c. Déan cur síos ar athléimneacht straitéis na heagraíochta, ag cur san áireamh cásanna éagsúla a bhaineann leis an aeráid, lena n-áirítear cás lena mbaineann 2°C nó níos ísle.	Roghnaíodh trí chás ó shraith riosca aeráide Lónra um Ghlasú na hEarnála Airgeadais (LGEA) chun anailís a dhéanamh ar chásanna, is iad sin, Ranníocaíochtaí Cinnte Náisiúnta (RCNanna), a sheasann don Chás Bunlíne, mar aon le Net Zero 2050 agus Aistriú Moillithe. Roghnaíodh na cásanna sin toisc gur chomhlíon siad ceanglais na Treorach um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí (TTIC) agus ionchais an Bhainc Ceannais go ndéanfadh (ath)árachóirí riosca aeráide a chomhtháthú ina gcreataí bainistíochta riosca. Mar atá thuas, taispeánann na cásanna riosca aeráide go bhfuil raon tionchair fhéideartha agus thromchúiseacha ann mar thoradh ar athrú aeráide, ach go bhfuil cainníochtú na dtionchar sin ina réimse éabhlóideach ar gá dúinn éabhlóid leanúnach a dhéanamh air agus coinneáil suas leis. Tá na tionchair i bhfad níos ísle sa ghearrthéarma ach d’fhéadfadh tionchar ábhartha idirthréimhseach agus clú a bheith acu sa mheántéarma go dtí an fadtéarma gan gníomh leordhóthanach a dhéanamh.

Bainistíocht Riosca ar lean

Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid (TCFD)

Téama TCFD	Moladh TCFD	Ár nDul Chun Cinn
Bainistíocht Riosca Nochtadh a dhéanamh ar conas a dhéanann an eagraíocht rioscaí a bhaineann leis an aeráid a shainaithint, a mheasúnú agus a bhainistiú.	a. Déan cur síos ar phróisis na heagraíochta chun rioscaí a bhaineann leis an aeráid a shainaithint agus a mheasúnú.	Bunaíonn Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca Vhi ár gcur chuige maidir leis na príomhrioscaí a aithint, a thomhas, a mhaolú agus monatóireacht a dhéanamh orthu, lena n-áirítear inbhuanaitheacht agus rioscaí aeráide. Is príomheilimint den straitéis inbhuanaitheachta é sainaithint agus tuiscint Ghrúpa Vhi ar nochtadh riosca don athrú aeráide, ag cinntiú go bhfreagraímid go cuí chun rioscaí athraithe aeráide a bhainistiú. Tá sé seo ar aon dul le hionchais ÚÁPGE agus an Bhainc Ceannais maidir le (ath)árachóirí riosca aeráide a chomhtháthú ina gcreataí bainistíochta riosca agus ORSA chomh maith leis an TTIC. Trínár gclár riosca aeráide, ar cuireadh tús leis in 2024, d'fhorbraíomar cruinne RO iomlánaíoch a bhaineann leis an aeráid, arna thacú ag piaranailís (idir náisiúnta agus idirnáisiúnta), athbhreithniú ar na haschuir ó rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a críochnaíodh mar chuid dár gclár forbartha straitéise inbhuanaitheachta in 2023, agus measúnú ar nochtadh riosca fisiceach ar leibhéal an tsuímh agus ar an leibhéal réigiúnach. Chun na ROanna a mheasúnú go cáilíochtúil, rinneamar ROnna aonair a ailíniú le méadracht ionadaíoch a fuarthas ón Líonra chun an Earnáil Airgeadais a Ghlasú (NGFS) agus foinsí sonraí eile a bhí ar fáil go poiblí de réir mar ba ghá. Roghnaíodh trí chás .i. NDC (Bunlíne), Net Zero 2050 agus Aistriú Moillithe. Baineadh méadrachtaí as gach cás faoi cheithre thréimhse ama – 2020, 2030, 2050, agus 2100. Feidhmíonn an mhéadracht a shanntar do gach RO mar sheachvótálái lena léiriú conas a d'fhéadfadh nochtadh Vhi do gach RO athrú le himeacht ama, ag brath ar an gcás. Cuireadh na méadrachtaí sin le chéile ansin le tuiscint ar ár múnla gnó agus le fonn riosca reatha do ROanna a aithníodh chun scór cáilíochtúil a thabhairt do gach RO. Go hachomair, sannadh scór do gach RO thar gach tréimhse ama agus gach cás chun nochtadh riosca athraitheach le himeacht ama a léiriú agus conas a d'fhéadfadh sé seo dul i bhfeidhm ar Vhi. Maidir leis an measúnú riosca fisiceach ar nochtadh do ghuaiseacha a bhaineann le hathrú aeráide ar na cúig shuíomh déag Vhi (lena n-áirítear oifigí agus clinici), rinneamar breithniú ar shé ghuaiseacha aeráide faoi dhá chás agus dhá thréimhse ama, ag tagairt do shonraí réamh-mheastacháin aeráide ó thuascáil Met Éireann TRANSLATE, le sonraí breise a fuarthas ón Institiúid Acmhainní Domhanda (IAD) agus ón Ionad Comhpháirteach Taighde (ICT).
	b. Déan cur síos ar phróisis na heagraíochta chun rioscaí a bhaineann leis an aeráid a bhainistiú	Úsáideann Vhi cur chuige ‘trí líne chosanta’ i leith bainistíocht riosca. Déantar riosca a bhainistiú ar fud ár ngnóthaí árachais sláinte agus soláthair sláinte de réir ár mBeartas agus Creat Bainistíochta Riosca atá faofa ag an mBord. Leagann sé seo amach na prionsabail atá taobh thiar de chóras bainistíochta riosca láidir agus leanúnach thar na trí líne chosanta. Tá próisis rialachais againn chomh maith arna maoirsiú ag Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin ag leibhéal Bhord an Ghrúpa agus ag leibhéal boird fochuideachtaí i gcás ár bhfochuideachtaís. Faigheann Coiste Riosca an Ghrúpa agus an Coiste um Bainistíocht Riosca Árachais agus Comhlíonta tuarascálacha Oifigeach Riosca an Ghrúpa agus ó fheidhmeannaigh Vhi eile de réir mar is cuí. Baineann Céim 2 den chlár riosca aeráide le rioscaí aeráide a leabú sa Chreat Bainistíochta Riosca. Áirítear leis seo athbhreithniú ar an tacsanomaíocht riosca atá ann faoi láthair, aithint agus comhtháthú KRIanna riosca aeráide sna Ráitis um Ghoile Riosca ábhartha agus nuashonrú ar chláir riosca na Roinne agus ar bheartais ábhartha. Tá tuilleadh faisnéise faoi bhainistiú riosca, lena n-áirítear rioscaí a bhaineann leis an aeráid, ar fáil ar leathanaigh 40 go 43.
	c. Déan cur síos ar an gcaoi a ndéantar próisis chun rioscaí a bhaineann leis an aeráid a shainaithint, a mheasúnú agus a bhainistiú a chomhtháthú i mbainistíocht riosca foriomlán na heagraíochta.	Tá na príomhchaighdeáin rialaithe riosca inár mbeartais chun ár ngnó a dhéanamh. Cuireann ár n-aonaid ghnó iad seo i bhfeidhm agus déanann úinéirí polasaí maoirseacht orthu chun comhlíonadh a chinntiú. Tá úinéirí ainmnithe ag gach polasaí le ról agus freagrachtaí sainithe. Déanann ár dtimthriall bliantúil de mhonatóireacht rialaithe measúnú ar cé chomh maith agus atá rialú inmheánach, cleachtais bhainistíochta riosca agus comhlíonadh beartais leabaithe ar fud Vhi. Baineann an dara céim den chlár riosca aeráide, a chríochnófar in 2025, le bainistiú riosca aeráide a chomhtháthú i straitéis agus i gCreat Bainistíochta Riosca Vhi. Cinnteoidh sé seo go mbeidh an próiseas chun rioscaí a bhaineann leis an aeráid a shainaithint, a mheasúnú agus a bhainistiú leabaithe sa Chreat Bainistíochta Riosca. Ina theannta sin, in 2024, mar chuid de phlean oibre Tuairiscithe an ESG, freisin faoin gcolún Gnó Sláintiúil dár straitéis inbhuanaitheachta, chuireamar tús le clár Treorach um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (TTIC). Éilíonn an Measúnú ar Ábharthacht Dúbailte (DMA) a cheanglaítear faoi TTIC ar Vhi na rioscaí agus na deiseanna a eascraíonn as saincheisteanna comhshaoil, sóisialta agus rialachais, agus tionchair ár ngníomhaíochtaí ar dhaoine agus ar an gcomhshaol ar fud an tslabhra luacha a shainaithint agus a mheasúnú - chun na Tionchair, na Rioscaí, na Spleáchais, na Tosca agus na Deiseanna Eile (TDE) is ábhartha a shainaithint. Déanfar na IROanna seo a neadú inár gCreat Bainistíochta Riosca thar 2025 freisin.

Téama TCFD	Moladh TCFD	Ár nDul Chun Cinn
Méadracht agus Spriocanna Déan nochtadh ar na méadrachtaí agus na spriocanna a úsáidtear chun rioscaí agus deiseanna ábhartha a bhaineann leis an aeráid a mheasúnú agus a bhainistiú i gcás ina bhfuil an fhaisnéis sin ábhartha.	a. Déan nochtadh ar na méadrachtaí a úsáideann an eagraíocht chun rioscaí agus deiseanna a bhaineann leis an aeráid a mheasúnú i gcomhréir lena straitéis agus lena próiseas bainistíochta riosca.	Cuimsíonn an Straitéis Inbhuanaithe plean oibre Rialachais ESG. Bhí an plean oibre seo ríthábhachtach maidir le feabhas a chur ar rialachas inbhuanaitheachta ag Vhi in 2024. Mar shampla, athainmníodh an Grúpa agus an Coiste Inbhuanaitheachta um Ainmniúchán, Rialachas (agus anois) Árachais chun a fhreagrachtaí maoirseachta maidir le hinbhuanaitheacht agus seachadadh straitéis inbhuanaitheachta Vhi a léiriú. Ar cheann de na príomhréimsí fócais faoin bplean oibre seo do 2025 tá forbairt KPlanna inbhuanaitheachta ar fud an ghrúpa. Príomhfhotha don obair seo is ea scrúdú agus sainaithint méadrachta chun rioscaí agus deiseanna a bhaineann leis an aeráid a mheasúnú mar chuid de chéim 2 den chlár riosca aeráide atá le tabhairt chun críche in 2025. De réir mar is cuí, áireofar KRIanna sna Ráitis ábhartha um Ghoile Riosca agus déanfar iad a bhainistiú i gcomhréir leis an gCreat Bainistíochta Riosca.
- Cuirtear sraith chuimsitheach faisnéise bainistíochta agus táscairí feidhmíochta i dtoll a chéile gach mí. Dá bharr sin bítear in ann monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn le hais cuspóirí níos fadtéarmaí agus ar bhuiséid bhliantúla, treochtaí a mheas agus gníomhú i ndáil le hathraitheas. Ullmhaítear buiséid mhionsonraithe go bliantúil i gcomhthéacs pleananna straitéiseacha níos fadtéarmaí. Déantar réamhaisnéisí a nuashonrú ar bhonn rialta freisin i bhfianaise na taithí atá ag teacht chun cinn;
- Áirítear leis an straitéis ghnó, leis an bpleanáil agus leis an bpróiseas buiséadaithe anailís ar na mór-rioscaí gnó a mbíonn tionchar acu ar an eagraíocht. Is próiseas leanúnach é measúnú riosca ar a leagann an Bord béim mhór;
- Déantar nósanna imeachta cuntasaióchta a dhoiciméadú, timthrialta idirbheart a shainiú, cláir ama chuntasaíochta a mhionsonrú, comhéadain uathoibríocha a rialú, próisis athbhreithnithe agus réitigh a chur i bhfeidhm, dualgais a scaradh agus teorainneacha údraithe a sheiceáil; agus
- Leithdháileadh freagracht i ndáil le gach mórfeidhm ghnó do chomhaltaí foirne a bhfuil taithí agus cáilíochtaí acu;

Luach Saothair na Stiúrthóirí

Tá leibhéal luach saothair bliantúil an Chathaoirligh agus na Stiúrthóirí Neamhspleácha Neamhfheidhmiúcháin go léir leagtha síos ag an Rialtas ag €31,500 agus €15,750 faoi seach, le héifeacht ón 1 Eanáir 2015. Ní fhaigheann na Stiúrthóirí Feidhmiúcháin táille Bhoird faoin bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin.

Gnóthas Leantach

Ullmhaíodh cuntais Bhord Vhi ar bhonn gnóthas leantach agus shásaigh na Stiúrthóirí iad féin go mbeidh dóthain acmhainní ag Bord Vhi chun leanúint ar aghaidh ag oibriú agus chun freastal ar riachtanais sócmhainneachta don todhchaí intuartha. Agus iad ag teacht ar an tuairim sin, measann na Stiúrthóirí gur cuí é sin a dhéanamh ar an mbonn go n-ullmhaítear réamhaisnéisí do bhlianta todhchaí a chuireann athruithe réasúnta intuartha ar fheidhmíocht trádála san áireamh. Trí mheasúnuithe ar thástálacha struis, struchtúir láidre rialachais, agus staid caipitil shásúil a bheith i bhfeidhm le linn 2024, cuireadh tuilleadh leis an measúnú sin.

Príomhrioscaí agus Príomhéiginnteachtaí

Socraíodh príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí Ghrúpa Vhi trí mheasúnú a dhéanamh ar rioscaí féideartha airgeadais agus caipitil, straitéiseacha, oibríochtúla, cliniciúla, luach agus iompar ball, agus daoine agus cultúir. Déantar leibhéal lamháltais riosca Ghrúpa Vhi a thaifeadadh sa Ráiteas ar Inghlacthacht Riosca arna fhaomhadh ag an mBord Stiúrthóirí. Déanann Foireann Ceannaireachta an Ghrúpa monatóireacht agus bainistíocht ar phríomhrioscaí Vhi agus tuairiscítear iad don Bhord Stiúrthóirí ar bhonn rialta. Tugtar achoimre orthu thíos.

Riosca Straitéiseach

Is ionann riosca straitéiseach agus an riosca nach mbainfidh Grúpa Vhi a chuspóirí straitéiseacha amach. Clúdaíonn sé seo an riosca bunúsach inár straitéis agus inár samhail ghnó agus d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar fhachtóirí inmheánacha agus seachtracha araon. I measc na rioscaí seo, tá:

- a) **Rioscaí a bhaineann le Comhionannú Riosca nach leor é**
Ní dhéanann an Scéim um Chothromú Riosca in Éirinn ach páirtchothromú ar na difríochtaí suntasacha i bpróifílí riosca atá ann idir na hárachóirí iomaíocha. Cruthaíonn sé míbhuntáiste iomaíoch d'árachóirí a chlúdaíonn sciar díréireach de na baill pholasaí a mbaineann riosca sláinte níos airde leo, agus tá rioscaí ann dá réir do chaipiteal, do luach agus d'inbhuanaitheacht.
- b) **Rioscaí a bhaineann le hathruithe i soláthar agus éileamh ar chúram sláinte príobháideach**
Mar thoradh ar an daonra atá ag dul in aois agus brúnna ar acmhainn i gcúram sláinte, chomh maith le hathruithe ar aistriú othar ó shaoraidí poiblí go saoraidí príobháideacha, tá éileamh méadaithe ar chóireáil leighis agus an baol go mbeidh costais chóireála níos airde, luaineacht i méid agus acmhainn an chórais cúram sláinte príobháideach, rochtain laghdaithe ar chúram agus inacmhainneacht níos ísle do shealbhóirí polasaí árachas leighis príobháideach.
- c) **Rioscaí ó athruithe reachtaíochta, polaitiúla, sóisialta agus rialála**
Tá rioscaí ann go mbeidh tionchar ag athruithe reachtacha nó rialála, nó tionchar athruithe polaitiúla agus sóisialta ar oibriú margaí árachas leighis príobháideach agus seirbhísí cúram sláinte.
- d) **Boilsciú níos airde agus marbhántacht eacnamaíoch**
Tá éiginnteacht Lean ar aghaidh ann maidir leis an ionchas boilscithe agus fáis eacnamaíoch as a dtiocfaidh rátaí úis luaineacha, gníomhaíocht eacnamaíoch agus tionchar diúltach ar ioncam indiúscartha tomhaltóirí agus ar iompar caiteachais.

- e) **Rioscaí a bhaineann le seachadadh rathúil ár gcláir um chlaohlú**
Tá rioscaí ann do sheachadadh rathúil, tráthúil, éifeachtúil agus éifeachtach chlár claochlaithe Vhi i dtimpeallacht iomaíoch mhargaidh. Soláthróidh na cláir seo athrú suntasach maidir le seachadadh ár seirbhísí dár mbaill, ach tá rioscaí ann go n-imreoidh ionchais na mball a bhíonn ag athrú i gcónaí tionchar ar réadú luach na dtionscadal seo de bharr fachtóirí amhail digitiú agus intleacht shaorga.
- f) **Rioscaí a bhaineann le cúrsaí Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais**
D'fhéadfadh rioscaí ESG tionchar a imirt ar chlá Ghrúpa Vhi agus, mar sin, a bheith in ann an bonn a bhaint ónár straitéis agus ó bhaint amach ár gcuspóirí. I measc na rioscaí seo, tá riosca clú ó bheith taobh thiar de phiaraí maidir lenár straitéis inbhuanaitheachta a sheachadadh; costais arda a bhaineann le bainistíocht fuinnimh agus laghdú astuithe carbóin, go háirithe má dhéanaimid meastachán nó má ghníomhaímid ródhéanach; riosca fisiceach agus trasdula maidir le hathrú aeráide ag Vhi agus inár slabhra luacha; méadú ar chostais éileamh árachais a bhaineann le tionchair an athraithe aeráide agus riosca neamhchothromais sláinte trína n-éiríonn ár seirbhísí agus ár gcumhdach cúram sláinte ina mbac ar thorthaí sláinte níos fearr.
- Riosca Airgeadais agus Caipitil**
Is éard atá i rioscaí airgeadais agus caipitil ná na rioscaí sin a d'fhéadfadh cailteanas caipitil teach astu agus/nó a chuireann isteach ar bhealach diúltach ar shócmhainneacht an ghnólachta, amhail an riosca nach gcomhlíonfaí ceanglais um shócmhainneacht rialála, cailteanais airgeadais agus rioscaí maidir le cúlchistí. I measc na rioscaí seo, tá:
- g) **Margaí luaineacha airgeadais**
Tá Grúpa Vhi neamhchosanta ar raon rioscaí maidir lena phunann infheistíochta. Áirítear orthu sin rioscaí margaidh, creidmheasa agus leachtachta. Infheistíonn Grúpa Vhi go príomha in urrúis fiachais atá ar ardchaighdeán a dtagann a dtéarma le cineál gearrthéarmach ár ndliteanas, de réir beartais infheistíochta stuama a chuireann an lucht bainistíochta i bhfeidhm, a ndéanann an Coiste Infheistíochta monatóireacht orthu agus a ndéanann an Bord a fhaomhadh.
- h) **Neamhchinnteacht i gcostas agus forbairt éileamh**
Tá Grúpa Vhi neamhchosanta ar an riosca nach mbeadh praghas na bpréimheanna nó a chúlchistí éileamh ag teacht le déine, le minicíocht ná le huainiú na n-éileamh. Tá éiginnteacht i bhforbairt costas éilimh níos airde nuair atá boilsciú leighis ag méadú agus nuair a chuirtear isteach ar sholáthar cúram sláinte príobháideach, nó nuair a leathnaítear an soláthar sin.

Tuarascáil na Stiúrthóirí ar lean

Rialú Corparáideach ar lean

Riosca Airgeadais agus Caipitil ar lean

- i) **Rioscaí airgeadais ó fhiontair nua agus infheistíocht inár straitéis chlaohlaithe**
D’fhéadfadh timpeallacht mhaicreacnamaíoch dhúshlánach, príomhghanntanais scileanna agus athruithe suntasacha i soláthar cúram sláinte ár gcostais athraithe agus oibriúcháin a mhéadú nó é a dhéanamh níos deacra cuspóirí airgeadais ár straitéise claohlaithe a bhaint amach. D’fhéadfadh athruithe polaitiúla, rialála nó beartais sláinte poiblí a bheith ina gcúis leis seo, chomh maith le hiomaíocht mhéadaithe ó iontrálaithe nua sa mhargadh agus an éagobhsaíocht gheopholaitiúil atá ann faoi láthair.

Riosca Oibriúcháin

Is éard atá i rioscaí oibríochtúla ná na rioscaí a bhaineann le caillteanas airgeadais nó damáiste clú a tharlaíonn mar thoradh ar phróisis, daoine nó córais inmheánacha a dteipeann orthu agus a chuireann isteach ar oibríochtaí gnó Ghrúpa Vhi. I measc na bpríomhrioscaí, tá:

- j) **Cibearshlándáil agus riosca i dtaca le cosaint sonraí**
Aithníonn Grúpa Vhi go bhfuil cibearchoirpigh ag éirí níos sofaisticiúla i gcónaí agus go bhfuil ionchais mhéadaitheacha ag baill maidir le réitigh theicniúla. Tá baol ann nach mbeidh Grúpa Vhi ag súil go hionchuí le hionchais athraitheacha maidir le teicneolaíocht faisnéise agus athléimneacht oibriúcháin.

- k) **Athléimneacht Seirbhíse agus Soláthraithe Tríú Páirtí**
De réir mar a fheabhsaímid na córais agus na próisis atá mar bhonn agus mar thaca ag na seirbhísí do chomhaltaí, bainistímid na rioscaí a bhaineann le soláthraithe 3ú páirtí a úsáid agus córais atá ag éirí níos casta (lena n-áirítear úsáid na teicneolaíochta nua). Ina measc seo, tá an riosca go gcuirfimid seirbhísí ar fáil ar bhealach éifeachtach chun freastal ar riachtanais na mball, rioscaí go gcuirfí isteach go mór ar an gcóras agus rioscaí maidir le seirbhísí a sholáthar ar bhealach atá éifeachtach ó thaobh costais de.

Luach agus Iompar na mBall

Is é atá i gceist le luach na mball agus rioscaí iompair aon rud a chuirfeadh i mbaol cuspóir an ghnó caitheamh go cothrom le baill leis an scil, an cúram agus an dúthracht chuí. I measc na rioscaí seo, tá:

- l) **Cumarsáid earráideach i leith seirbhísí agus comhairle do chomhaltaí**
Méadaítear an riosca go mbeidh torthaí díobhálacha nó éagóracha dár mbaill mar thoradh ar ár n-iompar nuair a bhíonn seirbhísí nua á dtabhairt isteach againn agus ina n-athraítear an chaoi a n-idirghníomhaíonn muid le baill (lena n-áirítear idirghníomhaíochtaí ar líne).

m) Cur isteach ar an rochtain ar shochair árachais

An riosca go dteipeann orainn ionchais réasúnta ár mball maidir le rochtain ar shochair táirgí a chomhlíonadh mar gheall, mar shampla, ar chumas foirne i seirbhísí cúram sláinte Vhi féin nó amanna feithimh le haghaidh cóireáil phríobháideach nó táirgí agus seirbhísí nach bhfuil ag teacht le riachtanais na mball.

Riosca maidir le Daoine agus Cultúr

Rioscaí a mbíonn drochthionchar acu ar ár mbaill nó ar ár ngnó lena n-áirítear acmhainní agus riosca folláine foirne chomh maith le rioscaí a bhaineann le hiompraíochtaí fostaithe nó gan cloí le beartais, nósanna imeachta, cleachtais nó rialacha Vhi agus an riosca nach n-iompraíonn comhghleacaithe iad féin de réir luachanna Vhi atá mar bhonn agus mar thaca ag ár straitéis agus ár dtairiscint i leith na mball. D’fhéadfadh tionchar mór a bheith ag rioscaí Daoine agus Cultúir ar an eagraíocht mura bhfuil dóthain scileanna agus eolais againn chun ár gculpóirí straitéiseacha a bhaint amach. D’fhéadfadh go n-áireofaí leis seo fórsa saothair éagsúil agus cuimsitheach a leabú agus comharbas láidir agus píblíne cheannaireachta a aithint.

Riosca Cliniciúil

Is éard atá i rioscaí cliniciúla ná an riosca go dtarlaíonn díobháil inchoiscthe d’othair mar thoradh ar na seirbhísí cúraim sláinte a sholáthraímid. Cuireann Grúpa Vhi cultúr barr feabhais chun cinn maidir le taithí agus sábháilteacht othar agus custaiméirí, agus tá ár seirbhísí agus ár n-áiseanna cliniciúla creidiúnaithe ag cláir chreidiúnaithe idirnáisiúnta. Tá prionsabal an chúraim othar agus ardchaighdeán cháilíocht chliniciúil fhíorthábhachtach agus muid ag leathnú ár seirbhísí cúram sláinte. I measc na rioscaí seo, tá:

- n) **Seirbhísí nua um chúram sláinte agus córais tacaíochta, lena n-áirítear seirbhísí tríú páirtí.**
Cinntímid ardchaighdeán i gcás gach ceann de na seirbhísí nua, na soláthróirí criticiúla agus na hathruithe ar fad a chuirimid i bhfeidhm ar na bealaí a dhéanaimid idirchaidreamh le hothair (seirbhísí digiteacha nua um chúram sláinte san áireamh).

- o) **Ganntanas foirne a bhfuil saineolas iomchuí acu.**
Tá baill foirne oilte a fhaigheann tacaíocht mhaith rithábhachtach chun an baol gortaithe, caillteanais nó díobhála do bhaill a bhíonn ag fáil cúram sláinte a bhainistiú. Má bhíonn brú ar an acmhainn cúraim sláinte, cuirtear leis an riosca go laghdófaí rochtain ar sheirbhísí.

Cúrsaí Comhshaoil

Tá cláir éifeachtúlachta Ghrúpa Vhi um fhuinneamh agus dícharbónú bunaithe ar oibleagáidí náisiúnta na hearnála poiblí. bunaithe ar oibleagáidí náisiúnta na hearnála poiblí. Le Plean an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide (“PGA”) 2023, cuirtear d’oibleagáid ar an earnáil phoiblí, lena n-áirítear comhlachtaí leathstáit, laghdú 51% ar a laghad a bhaint amach ar astaíochtaí absalóideacha Raon Feidhme 1 agus Raon Feidhme 2 de choibhéis dé-ocsaíd charbóin (CO2 eq.) faoi 2030 agus feabhas 50% a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2030. In 2024, chuir Grúpa Vhi tús le tuairisciú débhlantúil don Údarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh ar an gCreat um Ghníomhú ar son na hAeráide do Chomhlachtaí Tráchtála Leathstáit (CGA) ar ghlac Grúpa Vhi leis in 2022. Cumhdaítear sna tuarascálacha sin gach ceann de na cúig ghealltanais a leagtar amach sa CGA, is iad sin, Rialachas Cuspóirí Gníomhaithe ar son na hAeráide, Sprioc Tomhais agus Laghdaithe Astaíochtaí, Astaíochtaí i mBreithmheasanna Infheistíochta a Thomhas agus a Luacháil, an Geilleagar Ciorclach agus Soláthar Glas, agus Nochtaí i dTuairisciú Airgeadais.

Fuinneamh agus Astaíochtaí

Tá ról tábhachtach ag gach comhlacht poiblí, lena n-áirítear comhlachtaí leathstáit, maidir le rannchuidiú le spriocanna 2030 an Rialtais um ghníomhú ar son na haeráide a leagtar amach san Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 agus sa Phlean Um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 a bhaint amach. Ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí, lena n-áirítear comhlachtaí leathstáit sonraí fuinnimh agus astaíochtaí a thuairisciú ar bhonn bliantúil trí úsáid a bhaint as córas Monatóireachta agus Tuairiscithe ar líne Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (“ÚFIÉ”) a úsáidtear chun a ndul chun cinn a rianú i dtreo spriocanna éigeantacha éifeachtúlachta fuinnimh agus laghdaithe astaíochtaí 2030.

Fuinneamh

In 2024 baineadh coigilteas fuinnimh c.411k kWh amach trí thionscnaimh fuinnimh agus trí mhionathruithe ar ghléasra meicniúla, leictreacha agus córais oibriúcháin. Rinneadh iniúchtaí fuinnimh ar gach láithreán freisin in 2024, agus tá torthaí na n-iniúchtaí sin ina gcabhair dúinn maidir le hinfeistíochtaí amach anseo a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta. In 2024, thugamar isteach clár rianaithe fuinnimh chomh maith le haghaidh faireacháin fuinnimh. Ar an iomlán, bunaithe ar chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (“ÚFIÉ”) go dtí deireadh 2023, tá 42.5% den mhéadú 50% ar an sprioc éifeachtúlachta

fuinnimh a theastaíonn faoi 2030 bainte amach ag Vhi (i gcomparáid le bonnlíne 2009). Leis na gníomhaíochtaí atá coigilteach ar fhuinneamh a rinneadh in 2024, mar aon leis na bearta caomhnaithe fuinnimh atá ann cheana, soláthraíodh coigilteas fuinnimh bliantúlaithe iomlán measta de c.411k kWh agus laghdaíodh tionchar na húsáide fuinnimh ar an gcomhshaol faoi c.98k CO₂ do 2024.

Astaíochtaí

In 2022, d’osclaíomar ár nlonad Sláinte suaitheanta Vhi 360 i gCarraig Mhaighin – rud atá rithábhachtach don chúram a chuirimid ar fáil. In 2024, rinneamar ár n-eastát a mhéadú tuilleadh trí shíneadh a chur lenár nlonad Sláinte 360 i Sord. Cé go raibh na méaduithe seo riachtanach chun freastal ar riachtanais chúram sláinte ár mball, tharla sé chomh maith dá mbarr go bhfuil ár n-astaíochtaí suas 27% ónár bhfigiúr bunaidh astuithe bonnlíne 2016-2018. Leagann sé seo béim ar an tábhacht a bhaineann le cúrsaí astaíochtaí a chomhtháthú lenár gcinnteoireacht maidir le seirbhísí a leathnú amach anseo. Cé go mbeidh an tsláinte mar phríomhthosaíocht againn i gcónaí, is maith is eol dúinn go bhfuil gá le fás freagrach a dhéanamh. Chun tacú leis an aidhm seo, chuireamar tús, mar chuid dár gclár neodrachta, le hathbhreithniú iomlán ar lorg carbóin thar na trí raon feidhme ag úsáid 2023 mar bhliain bhonnlíne. Beidh an tuarascáil atá le teacht i R1 2025 ina cabhair dúinn chun treochlár dícharbónaithe lánchostas agus Plean Gníomhaíochta Aeráide cuimsitheach a fhorbairt, rud a fhoilseoimid faoi dheireadh 2025. Treoróidh an treochlár dícharbónaithe agus an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide sinn i dtreo ár spriocanna sainordaithe a bhaint amach maidir le hastaíochtaí a laghdú 51% faoi 2030, astaíochtaí Raon 1 agus 2 a laghdú 51% agus neodracht a bhaint amach thar na trí raon faoi 2050.

Iompar agus Taisteal

Ceann de na hathruithe ba shuntasáí a rinneamar in 2024 ná ár bhflít Díolacháin a leictriú. Mar thoradh air seo, tháinig laghdú c.43kkg CO₂ ar astuithe carbóin feithicle.

Dramhaíl

Tá Vhi ag cloí leis an Acht um Bainistiú Dramhaíola (Leasú), 2001 i dtaca le bainistiú dramhaíola agus ní úsáideann sé ach soláthraithe seirbhíse dramhaíola na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, a bhfuil ceadúnas acu agus atá faofa, chun dramhaíl a dhiúscairt. Tá Grúpa Vhi tiomanta don chlár bainistithe dramhaíola a fheabhsú go seasta agus é ag leanúint na dtreoirilínte atá leagtha amach ag an gClár Náisiúnta maidir le Dramhaíl a Chosc.

Tuarascáil na Stiúrthóirí ar lean

Cúrsaí Comhshaoil ar lean

Dramhaíl ar lean

Is féidir dramhaíl Vhi a mhiondealú i gcúig shruth dramhaíola agus is dramhaíl ghinearálta an chuid is mó díobh sin (47%), agus ansin athchúrsáil (22%), stialladh faoi rún (12%), cairtchláir (3%) múiríniú (8%) agus dramhaíl chliniciúil (8%). Scarann Vhi an oiread dramhaíola agus is féidir chun an gá le líonadh talún a laghdú. I ndáil le seirbhísí cúraim sláinte Vhi, tá an dramhaíl chliniciúil agus ghuaiseach go léir ag cloí go hiomlán leis an Treoirlíne IPC PP 109 – maidir le dramhaíl cúraim sláinte a mbaineann riosca léi agus nach mbaineann riosca léi a scaradh agus a dhiúscairt. Déanann iniúcháir seachtrach iniúchtaí bliantúla ar gach suíomh cliniciúil. Úsáideann Grúpa Vhi comhairleoir sábháilteachta um earraí contúirteacha chun iniúchadh a dhéanamh ar chomhlíonadh Vhi maidir le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar agus Úsáid Fearais Brú Iniompartha) agus leasuithe gaolmhara. Déanann Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin iniúchadh bliantúil ar Vhi maidir lena chomhlíonadh le stóráil dramhaíl chliniciúil agus tuairisciú ar thoirteanna dramhaíl chliniciúil. Baineann saoráidí Vhi leas chomh maith as réitigh innealtóireachta comhshaoil nua-aimseartha chun ár dtionchar ar an gcomhshaoil foriomlán a laghdú.

- Tháinig feabhas ar leithscaradh dramhaíola in 2023 vs 2024 le méadú 20% ar athchúrsáil.
- Tá laghdú 49% tagtha ar dhramhaíl orgánach ar fud ár n-oifigí ar Shráid na Mainistreach agus i gCill Chainnigh agus baineann an chuid is mó den laghdú seo leis an mbith-dhíleáiteoir a tugadh isteach agus bainistíocht chúramach a dhéanamh ar bhia, ón bhfoinse go dtí an pláta.
- Tar éis scéim phíolótach rathúil um laghdú dramhaíola cliniciúla inár seirbhís Cúraim Práinne i gCarraig Mhaighin, áit ar laghdaíodh dramhaíl chliniciúil 3% agus inar méadaíodh athchúrsáil ar 29%, chuireamar an clár i bhfeidhm go céimneach inár gClinic 360 i Luimneach. Tá an clár á rolladh amach chuig an gcuid eile dár suíomh i gCarraig Mhaighin i R1 2025 agus inár gclínici i Sord agus i gCorcaigh.
- In 2024, chuireamar naprúin TCP (trealamh cosanta pearsanta) inmhúirínithe i bhfeidhm ar bhonn píolótach inár seirbhísí Cúraim Práinne i gCarraig Mhaighin. Tá na naprúin seo, ar féidir iad a dhiúscairt sa sruth dramhaíola orgánaí seachas iad a dhiúscairt mar dhramhaíl líonadh talún, á n-úsáid anois ar fud formhór na seirbhísí in Hospital@Home agus i gCarraig Mhaighin. In 2025, beimid ag cur deireadh de réir a chéile leis na naprúin TCP neamh-inmhúirínithe agus ag baint úsáide as naprúin TCP inmhúirínithe ar fud ár seirbhísí cúram sláinte go léir.

Geilleagar Ciorclach

Tá Vhi tar éis tabhairt faoi roinnt tionscadail caipitil agus mar chuid de na tionscadail seo, tugadh faoi phróiseas chun troscán oifige, daingneáin agus bailchríocha a athúsáid. Áiríodh leis seo, nuair ab fhéidir, stáisiúin oibre oifige a bhí ann cheana féin, caibinéid stórála oifige, agus bailchríocha urláir a bhí ann cheana féin (tíleanna cairpéad) a athúsáid. Sa chás nárbh fhéidir rudaí a athúsáid, tugadh do charthanachtaí iad. Ba é an toradh deiridh ná gur cuireadh méid beag dramhaíola chuig líonadh talún agus meon agus cur chuige geilleagair chiorclaigh a leabú a chuirfear i bhfeidhm i dtionscadail ar bith amach anseo.

Úsáid Páipéir

Tríd an aistriú chuig níos mó cumarsáide digiteacha a dhéanamh lenár mbaill, laghdaíodh an méid páipéir a d'úsáideamar faoi 11% in 2024 i gcomparáid le 2023, agus faoi 33% i gcomparáid le 2020.

Bithéagsúlacht

Ó 2020 i leith, tá cúig choilíneacht beach curtha isteach againn ar fud ár láithreán i Sráid na Mainistreach agus i gCill Chainnigh. Tháinig na beacha 20 cileagram meala in 2024 a díoladh agus a úsáideadh i mbialanna ár gcomhghleacaithe. Sa dara leath de 2024, chuireamar isteach bith-dhíleáiteoir inár mbialann i gCill Chainnigh. Baineadh úsáid as millíní orgánacha ón mbith-dhíleáiteoir seo chun na fáilte inár gcarrchlós a bheathú.

Cúrsaí fostaithe agus meas ar chearta an duine

I nGrúpa Vhi, cuirtear débheím ar cothrom na Féinne a thabhairt dár gcomhghleacaithe agus dár mbaill. Táimid tiomanta don rud ceart, cóir agus cothrom a dhéanamh seachas an rud atá éasca.

Tá ár luachanna, “Treoraímid ón gcroí amach”, “An misneach chun todhchaí nua a chruthú”, agus “Ní neart go cur le chéile”, agus ár gcuspóir “Cabhrú lenár gcustaiméirí saol níos faide, níos láidre agus níos sláintiúla a chaitheamh” mar threoir againn inár n-idirghníomhaíochtaí lenár mbaill agus lenár gcomhghleacaithe. Tá ár gcomhghleacaithe go léir i riocht uathúil agus iad fostaithe ag Vhi agus ina mbaill de Vhi chomh maith.

Cuirimid béim ar éisteacht lenár gcomhghleacaithe agus gníomhú de réir an aiseolas a fhaighimid. In 2024 rinneamar suirbhé bliantúil Guth na gComhghleacaithe agus chuireamar diagnóis iomlán Cultúir i gcrích. Cuirtear fócasghrúpaí i bhfeidhm chun athruithe molta a aithint agus pleananna gníomhaíochta a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar réimsí a aithníodh le haghaidh feabhsúcháin, agus béim shuntasach ceannaireachta ar fhreagairt d'aiseolas ó chomhghleacaithe.

Léiríonn torthaí ón suirbhé Cultúr 2024 go bhfuil dul chun cinn déanta againn i gcoinne na 12 innéacs cultúrtha ar fad, a tástáladh roimhe seo in 2021. Táimid tar éis méadú ó mheánpheircintíl foriomlán de 33 in 2021 go 47 in 2024 thar na 12 innéacs.

I measc na dtorthaí a bhí ar an suirbhé Guth na gComhghleacaithe le déanaí, tá na cinn seo a leanas:

- Braitheann 79% de chomhghleacaithe compordach a bheith istigh leo féin ag an obair
- Tá tuiscint shoiléir ag 80% de chomhghleacaithe ar chuspóirí straitéiseacha na cuideachta

In 2024, leanamar ar aghaidh lenár mbunluachanna a neadú ar fud na heagraíochta. Buaicphointe ab ea an tionscnamh nua, na Gradaim “Powered by Values” a rinne ceiliúradh agus a léirigh aitheantas ar chomhghleacaithe a mhaireann de réir ár luachanna i gcónaí agus a léiríonn ár n-iompraíochtaí inmhianaithe. Agus beagnach 600 ainmniúchán comhghleacaí ann ar fad, thug ár nGradaim Powered by Values deis dúinn aitheantas a léiriú agus ceiliúradh a dhéanamh orthu siúd atá ag maireachtáil de réir ár luachanna ar bhonn comhsheasmhach agus a léiríonn na n-iompraíochtaí gaolmhara.

Aithníonn Grúpa Vhi a thábhachtaí atá sé a chinntiú go bhfuil rochtain thráthúil agus sothuigthe ag gach comhghleacaí ar nuashonruithe cumarsáide a bhaineann leo. In 2024, rinneamar athbhreithniú ar ár straitéis cumarsáide, ag tabhairt isteach roinnt feabhsuithe ar nós – cumarsáid sheachtainiúil athbhreithnithe le gach comhghleacaí, úsáid fheabhsaithe bealaí cumarsáide meandracha, teachtaireachtaí gearra físe féinléirithe ón bhfoireann cheannaireachta agus hallaí baile hibrideacha uile-chomhghleacaithe. Cinntíonn aidhm fhoriomlán ár straitéis athnuaite maidir le cumarsáid le comhghleacaithe go n-úsáidfear cur chuige ilchainéil – a théann i bhfeidhm ar chomhghleacaithe ar bhealach atá éagsúil agus éasca dóibh a úsáid.

Spreagaimid comhghleacaithe chun labhairt amach, is bunchloch é ár mbeartas ‘labhairt amach’ chun an timpeallacht seo a chothú. Cuirimid treoir ar fáil chomh maith maidir le hidirghníomhaíochtaí comhghleacaithe lenár mbeartas ‘cód iompair’.

Aithníonn Grúpa Vhi Ceardchumann chun críocha cómhargála agus tá comhaontú comhchoiteann i bhfeidhm i gcás díospóid fostaí leis an gcuideachta. Ina theannta sin, aithníonn Grúpa Vhi ionadaíocht cheardchumainn i gcúrsaí smachta faoi chomhaontuithe maidir leis an bpróiseas Smachta agus Gearáin.

Breabaireacht agus caimiléireacht

Tá Grúpa Vhi tiomanta d’iompar eiticiúil agus go gcloíonn comhghleacaithe agus stiúrthóirí leis na heiticí is airde gnó, agus na caighdeáin is airde gairmiúla agus dlíthiúla. I mbeartas ‘Cód Iompair’ Ghrúpa Vhi, leagtar amach prionsabail chun fostaithe agus baill den Bhord Stiúrthóirí a threorú agus iad i mbun gnó do Vhi ó lá go lá. Déantar tagairt shonrach do chalaois, do chaimiléireacht, do bhreabaireacht agus do dhúmhál.

Féachann Grúpa Vhi lena chinntiú go bhfuil go leor rialuithe inmheánacha i bhfeidhm, agus iad éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais de. Tá próisis iniúchóireachta ann lena chinntiú go gcuirtear an Creat um Rialú Inmheánach i bhfeidhm sa chaoi is go gcomhlíontar an Beartas um Rialú Inmheánach.

Cuireann an Fheidhm Daoine agus Inbhuanaitheacht gach fostaí ar an eolas faoin gCód Iompair, mar aon leis na beartais eile thuasluaite le linn ionduchtaithe agus cuireann Rúnaí na Cuideachta baill na mBord Stiúrthóirí ar an eolas fúthu nuair a cheaptar iad. Déanann Grúpa Vhi a dhícheall timpeallacht a chruthú ina mbraitheann gach comhghleacaí, ní hamháin go bhfuil tacaíocht acu ach go ndéantar a n-indibhidiúlacht a cheiliúradh, ag cothú cultúr atá cuimsitheach, éagsúil cothrom agus a fhéachann le braistint chómhuintearais a chothú do chách.

Cuimsiú, Éagsúlacht agus Cothromas

Is é an sprioc atá againn maidir le Cuimsiú, Éagsúlacht agus Cothromas (“CÉC”) in Vhi ná a bheith inár n-eagraíocht ina n-aithnítear, ina thacaítear agus ina léirítear meas ar éagsúlachtaí. Bainimid leas as ár n-éagsúlachtaí chun réitigh nuálacha a spreagadh chun cinn chun freastal ar riachtanais ár gcomhghleacaithe agus chun cabhrú lenár mbaill saol níos láidre agus níos sláintiúla a chaitheamh.

In 2024, chuireamar an straitéis CÉC in iúl dár gcomhghleacaithe go léir agus d’iarramar orthu a bheith tiomanta di. Chuireamar é seo i ngníomh trí fheachtas físe inar chuir ceannairí sinsearach agus ceannairí líonra CÉC a dtiomantas do CÉC in iúl. I rith na bliana, dhíriomar ar Fhís 1 dár Straitéis CÉC trí bliana, agus béim ghéar á cur ar Chuimsiú. Cuimsíonn an tionscnamh straitéiseach seo ceithre réimse ríthábhachtacha: cumarsáid fheabhsaithe, oiliúint, bailiú agus úsáid sonraí, agus forbairt líonra. Tá sé mar aidhm ag ár dtiomantas don chuimsiú timpeallacht a chothú ina mbraitheann gach duine go bhfuil meas air, agus go bhfuil sé de chumhacht aige cur lenár rathúlacht chomhroinnte.

Tuarascáil na Stiúrthóirí ar lean

Cuimsiú, Éagsúlacht agus Cothromas ar lean

Rinneamar dul chun cinn inmholta i rith na bliana, go háirithe i réimse na cumarsáide feabhsaithe agus forbairt líonra. Trí fheabhas a chur ar ár mbealaí cumarsáide inmheánacha agus trí idirphlé oscailte a chothú, cinntímid go gcloistear agus go ndéantar breithniú ar gach guth laistigh den eagraíocht. Ina theannta sin, tá ár n-iarrachtaí i bhforbairt líonra tar éis nasc a neartú idir na foirne agus na ranna, rud a chuir cultúr comhoibrithe agus comhthacaíochta chun cinn. Agus sinn ag leanúint lenár n-aistear trí na réimsí éagsúla inár Straitéis CÉC, táimid fós tiomanta dár spriocanna cuimsithe a chur chun cinn agus ionad oibre fíorchuimsitheach a chothú.

I rith 2024, d'óstáil Grúpa Vhi go leor imeachtaí chun feasacht ar CÉC a chothú, lena n-áirítear Lá Idirnáisiúnta na mBan, Lá Idirnáisiúnta na bhFear, Diwali, Ramadan, Mí an Bhróid, Feasacht ar an Uathachas, Lá Domhanda na Meabhairshláinte, agus Maidineacha Caife don Mheanapás agus imeachtaí CÉC eile chun spásanna a chruthú ina mbraitheann comhghleacaithe cómhuintearas agus go bhfuil siad istigh leis an ngrúpa. Ba léir ár gcur chuige luachanna-bhunaithe trí na himeachtaí CÉC a cuireadh ar fáil, agus léiríodh luachanna ár n-eagraíochta leis an tras-chomhoibriú ar fud ár líonraí CÉC – “Ní neart go cur le chéile”, “Treoraímid ón gcroí amach ” agus “An misneach chun todhchaí nua a chruthú”.

Seo cuid de bhuaicphointí 2024:

- I mbliana tugadh isteach ár gceathrú líonra CÉC: an Líonra Néara-éagsúlachta. Ina bhliain tionscnaimh, i measc bhuaicphointí an Líonra Néara-éagsúlachta bhí caint maidir le láthair oibre atá báuil don uathachas a chothú, inar thug AslAm, eagraíocht shuntasach abhcóideachta uathachais, léargas ar an uathachas. Ina theannta sin, d'eagraigh siad a gcéad imeacht céadfach le Daidí na Nollag, rud a chuir eispéireas socair agus suaimhneach le Daidí na Nollag ar fáil dá gcomhghleacaithe agus dá leanaí. Thug an t-imeacht seo deis do theaghlaih taitneamh a bhaint as séasúr na Nollag i dtimpeallacht ionchuimsitheach agus céadfach, rud a léirigh ár dtiomantas arís do thacú leis an néara-éagsúlacht.
- Beartas saoire Meanapáis a thabhairt isteach; Trí shaoire shonrach a sholáthar do chomhghleacaithe, aithnímid agus tuigimid na dúshláin uathúla atá roimh ár gcomhghleacaithe, rud a ligeann dóibh an t-am riachtanach a ghlacadh lena sláinte a bhainistiú gan strus agus gan stiogma breise. Ní hamháin go gcuireann an polasaí seo folláine chun cinn ach léiríonn sé chomh maith ár dtiomantas do thimpeallacht oibre ionbhách agus

tuisceanach a chruthú ina mbraitheann gach comhghleacaí go bhfuil meas orthu agus tacaíocht acu.

- Tiomantas leanúnach chun mná tréitheacha a fhorbairt ag an leibhéal ceannaireachta. Cothú breise a thabhairt don alumni baineanna atá cruthaithe agus cultúr a chothú a thacaíonn le mná a gcuid foghlama a chur chun cinn agus a chomhroinnt le comhghleacaithe eile. Sampla d' ardtionchar ár mBan is ea an clár meantóireachta Flourish a seoladh i mí Feabhra 2024, agus a d'éirigh leis 45 péire meantóireachta laistigh den ghnó a mheaitseáil. Tugadh aitheantas don tionscnamh seo, agus do na comhghleacaithe a bhí páirteach ann, ag ár nGradaim Vhi Powered by Values nuair a bronnadh an gradam foirne 'Misneach chun Todhchaí Nua a Chruthú' orthu.

Táimid bródúil as leanúint lenár gcreidiúnú d'Infheisteoirí Airgid san Éagsúlacht le hlonad na hÉireann don Éagsúlacht, teist ar ár n-iarrachtaí leanúnacha cuimsiú, éagsúlacht agus cothromas a chur chun cinn. Ina theannta sin, ghlacamar leis an nGealltanas Elevate ón eagraíocht Gnó sa Phobal, rud a léirigh ár dtiomantas arís chun ionad oibre ilchineálach agus ionchuimsitheach a chothú. Mar chuid den ghealltanas sin, gheallamar dul i mbun gnímh chun ár n-eagraíocht a dhéanamh níos ionchuimsithí tríd an tionscnamh ionchuimsitheach um Malartú Laethanta Saoire. Ligeann sé seo do chomhghleacaithe dhá lá cuideachta reatha, lá Oíche Nollag agus Aoine an Chéasta, a mhalmartú le haghaidh laethanta saoire eile a bhfuil tábhacht níos pearsanta ag baint leo. Léiríonn an tionscnamh seo an t-aitheantas atá againn go bhfuil creidimh agus traidisiúin éagsúla ag ár gcomhghleacaithe agus cinntíonn sé go léirímid meas agus go ndéanaimid freastal air sin, ag cruthú níos mó ama dár gcomhghleacaithe chun a gcuid éagsúlachtaí a cheiliúradh, agus ag an am céanna ag coinneáil an tábhacht a bhaineann leis an dá lá seo do go leor dár gcomhghleacaithe.

Anuas ar ár gcaidreamh le hlonad na hÉireann um Éagsúlacht agus Gnó sa Phobal, is baill de Thascfhórsa Árachas Éireann um Ionchuimsiú sinn chomh maith, eagraíocht a thugann le chéile ionadaithe ó go leor eagraíochtaí sa tionscal Árachais chun léargas, foghlaim, tacaíochtaí a roinnt agus chun comhaontú a dhéanamh ar thiomantais chomhchoiteanna chun CÉC a fheabhsú ar fud ár n-eagraíochtaí agus an tionscail ina iomláine.

Agus sinn ag féachaint ar aghaidh go dtí 2025, táimid fós tiomanta dár straitéis CÉC a sheachadadh. Leanfaimid ar aghaidh ag plé le fóraim sheachtracha chun a chinntiú go seasaimid leis na cleachtais is fearr agus go ndéanaimid ár ndícheall i gcónaí an rud ceart a dhéanamh dár

gcomhghleacaithe. Ina theannta sin, táimid tiomanta d'aiseolas a lorg, éisteacht go gníomhach lenár bhfoireann, agus gníomh lánbhrí a ghlacadh. Nuair nach féidir gníomh a dhéanamh, tá sé mar aidhm againn na cúiseanna a bhaineann leis sin a chur in iúl go hoscailte. Le chéile, cruthóimid ionad oibre ina léirítear meas ar gach guth, agus ina mbraitheann gach duine go bhfuil sé de chumhacht acu cur lenár rathúlacht chomhroinnte.

Íoc Pras Cuntas

Aithníonn Bord Vhi an fhreagracht atá air as a chinntiú go gcomhlíontar forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 (arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach [íocaíocht dhéanach in idirbhearta tráchtála], 2012). Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun na dátaí ar a mbíonn sonraisc dlite le híoc a aithint agus chun íocaíochtaí a dhéanamh ar na dátaí sin, agus dá réir sin, tá Bord Vhi sásta gur chomhlíon Grúpa Vhi riachtanais na Rialachán.

Gnóthais fochuideachtaí

Tugtar liosta d'fhochuideachtaí agus de ghnóthais eile Bhord Vhi amhail an 31 Nollaig 2024 i nóta 35.

Iartheagmhais

Níor tharla aon iartheagmhais ábhartha a d'imir tionchar ar Bhord Vhi ná ar aon fhochuideachta dá chuid ó dháta an chláir chomhardaithe.

Taifid chuntasaíochta imleora

Tá bearta cuí déanta ag na Stiúrthóirí maidir le taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád. Is iad na bearta sonracha ar glacadh leo foireann chuntasaíochta atá cáilithe go cuí a fhostú agus córais oiriúnacha chuntasaíochta a choimeád. Tá na leabhair chuntas i dTeach Vhi, 20 Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.

Iníúcháirí neamhspleácha

Athcheapadh Deloitte Ireland LLP, Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iníúcháireachta Reachtúla, mar iníúcháirí ar an 12 Meán Fómhair 2019. Éireoidh na hiniúcháirí, Deloitte Ireland LLP, as i ndiaidh dóibh iníúchadh 2024 a thabhairt chun críche, mar gheall ar na ceanglais éigeantacha um rothlú gnólachta. Ar an 28 Márta 2024, cheadaigh na stiúrthóirí ceapachán PwC ina n-iníúcháirí reachtúla chun an folúntas a líonadh a luaithe a bheidh Deloitte Ireland LLP éirithe as.

Ráiteas ar fhaisnéis a nochtadh le hiniúcháirí

A mhéid is atá a fhios ag gach duine de na Stiúrthóirí in oifig ar dháta fhaomhadh na ráiteas airgeadais seo:

- níl aon fhaisnéis a bhaineann leis an iníúchadh nár nochtadh do na hiniúcháirí; agus
- ghlac siad leis na céimeanna uile chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha a bhaineann leis an iníúchadh agus chun a bhunú go bhfuil iníúcháirí Bhord Vhi ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Thar ceann Bhord Vhi



Greg Sparks
Cathaoirleach

27 Márta 2025



Brian Walsh
POF an Ghrúpa, Stiúrthóir

27 Márta 2025

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir na rialachán is infheidhme.

Ceanglaítear ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Roghnaigh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir FRS 102 agus FRS 103, na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann (“creat tuairiscithe airgeadais ábhartha”). Ní féidir leis na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh ach amháin má tá siad sásta go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Bhoird ag dáta deiridh na bliana airgeadais agus ar bharrachas nó ar easnamh an Bhoird don bhliain airgeadais.

Agus na Ráitis Airgeadais seo á n-ullmhú acu, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta do ráitis airgeadais an ghrúpa a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go leanúnach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar;
- a chur in iúl cé acu a ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a shainaithint, agus nóta a scríobh faoin éifeacht agus faoi na cúiseanna atá le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin mura cuí a thiomhdiú go leanfaidh an Bord de bheith i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoimeádann an Bord, nó go socraíonn sé go gcoimeádtar, taifid imleora chuntasaíochta a mhíníonn agus a thaifeadann i gceart idirbhearta an Bhoird, a chuireann ar a chumas gur féidir ag am ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus barrachas nó easnamh an Bhoird a chinneadh le cruinneas réasúnta agus a chuireann ar a chumas na ráitis airgeadais a iniúchadh. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní Bhord Vhi a chosaint agus dá réir as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú. Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus as iontaofacht na faisnéise corparáidí agus airgeadais a bhíonn ar shuíomh gréasáin Vhi.

Tuarascáil an Iniúcháora Neamhspleách do Chomhaltaí an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh

Tuairisc ar iniúchadh na ráiteas airgeadais Tuairim ar ráitis airgeadais an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh (an ‘chuideachta’) Inár dtuairim maidir le ráitis airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta:

- tugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta amhail an 31 Nollaig 2024 agus ar bhrabús an ghrúpa agus na máthairchuideachta don bhliain airgeadais dar chríoch an tráth sin; agus
- ullmhaíodh iad de réir an chreata tuairiscithe airgeadais ábhartha agus, go háirithe, de réir cheanglais dhlí na hÉireann.

Is é atá sna ráitis airgeadais a ndearnamar iniúchadh orthu: ráitis airgeadais an ghrúpa:

- Cuntas Comhdhlúite loncaim agus Caiteachais;
- an Clár Comhardaithe Comhdhlúite;
- an Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid;
- an Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe ar Chothromas;
- an Ráiteas Comhdhlúite ar loncam Cuimsitheach; agus
- na nótaí gaolmhara 1 go 39, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta mar a leagtar amach i nóta 1.

ráitis airgeadais na máthairchuideachta:

- an Clár Comhardaithe;
- an Ráiteas ar Athruithe ar Chothromas;
- an Ráiteas ar loncam Cuimsitheach; agus
- na nótaí gaolmhara 1 go 39, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta mar a leagtar amach i nóta 1.

Is é Dlí na hÉireann agus FRS 102 “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann” arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus FRS 103 Conarthaí Árachais arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (“an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha”).

Bunús na tuairime

Rinneamar an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (Éire) agus de réir dlí infheidhme. Déantar cur síos thíos ar na freagrachtaí atá orainn faoi na caighdeáin sin sa chuid “Freagrachtaí an Iniúcháora as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais” den tuarascáil.

Táimid neamhspleách ar an ngrúpa agus ar an máthairchuideachta de réir na riachtanas eiticíúil a bhaineann lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn,

an Caighdeán Eiticíúil a d’eisigh Údarás Maoirseachta Iniúcháireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann san áireamh, agus chomhlíonamar na freagrachtaí eiticíúla eile atá orainn de réir na riachtanas seo. Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúcháireachta a fuaireamar chun bonn a chur faoinár dtuairim.

Tátail a bhaineann le gnóthas leantach

Agus muid ag iniúchadh na ráiteas airgeadais, tá sé bainte de thátal againn gur cuí an úsáid a bhain na stiúrthóirí as bunús cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus iad ag ullmhú na ráiteas airgeadais.

De bhun na hoibre a rinneamar, níor aimsíomar aon éiginnteacht ábhartha a bhaineann le teagmhais nó le cúinsí a chaitheann, astu féin nó le chéile, amhras suntasach ar chumas an ghrúpa agus na máthairchuideachta leanúint ar aghaidh ina ngnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá bhliain déag ar a laghad ón uair a ndéantar na ráitis airgeadais a fhaomhadh chun a n-eisiúna.

Tá cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach le fáil in ailt chuí na tuarascála seo.

Eolas Eile

Cuimsíonn an fhaisnéis eile an fhaisnéis atá san áireamh i dTuarascáil na Stiúrthóirí agus sna Ráitis Airgeadais Iniúchta, seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil ár n-iniúcháora orthu. Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile atá i dTuarascáil na Stiúrthóirí agus sna Ráitis Airgeadais Iniúchta. Ní chuimsíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, seachas a mhéad a luaimid go sonrach inár dtuarascáil é, ní léirímid aon chineál conclúide dearbhaithe dá réir sin.

Tá sé de dhualgas orainn an t-eolas eile a chuirtear i láthair a léamh agus, fad a bhímid á dhéanamh sin, a chinneadh an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach ó thaobh ábhair de leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fhaightear le linn an iniúchta, nó an cosúil go bhfuil sé á mhí-lua go hábhartha ar bhealach eile. Sa chás go dtugaimid neamhréireacht ó thaobh ábhair de nó míráiteas ábhartha follasach faoi deara, éilítear orainn a chinneadh cibé an bhfuil míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó an míráiteas ábhartha san fhaisnéis eile atá ann. Má bhainimid de thátal, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go bhfuil míshonrú ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orainn é sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn ina thaobh seo.

Tuarascáil an Iniúcháora Neamhspleách do Chomhaltaí an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh ar lean

Freagrachtaí na stiúrthóirí

Mar a mhínítear níos iomláine sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus a bheith sásta go dtugann siad léargas fírinneach cóir agus go gcomhlíonann siad Dlí na hÉireann ar gach bealach eile, agus as cibé rialú inmheánach a mheasann na stiúrthóirí a bheith riachtanach le go mbeifear in ann ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sin de bharr calaoise nó earráide.

Agus iad ag ullmhú na ráiteas airgeadais, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas an ghrúpa agus na máthairchuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ní mór dóibh nithe a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh más infheidhme agus úsáid a bhaint as bunús cuntasaoíochta an ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé i gceist ag na stiúrthóirí an grúpa agus an mháthairchuideachta a leachtú nó scor d'oibríochtaí, nó mura bhfuil an dara rogha acu ach é sin a dhéanamh.

Freagrachtaí an iniúcháora as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Is iad na cuspoirí atá againn ná dearbhú réasúnta a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sin de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúcháora a eisiúint a bhfuil ár dtuairim san áireamh inti. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go braithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (Éire) míshonrú ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Féadfaidh míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaidís go réasúnta, astu féin nó le chéile, tionchar a imirt ar chinntí geilleagracha úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais le fáil ar shuíomh Gréasáin an IAASA ag: <https://iaasa.ie/publications/descriptionof-the-auditors-responsibilities-for-the-audit-of-thefinancial-statements> Tá an cur síos seo ina chuid dár dtuarascáil iniúcháora.

Tuairisc ar cheanglais dhlíthiúla agus rialála eile

Nithe a gceanglaítear orainn tuairisciú orthu ar bhonn eisceachtúil

Bunaithe ar an eolas agus ar an tuiscint ar an ngrúpa agus ar an máthairchuideachta agus a timpeallacht a fuaireamar i gcaitheamh an iniúchta, níor shainaithníomar míshonruithe ábhartha i dtuarascáil na stiúrthóirí.

Níl aon rud le tuairisciú againn i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- Faoi fhorálacha an Achta um Árachas Sláinte Shaorálaigh 1957.
- Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ('an Cód'), ceanglaítear orainn tuairisciú daoibh mura léiríonn an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a theastaíonn faoin gCód, faoi mar a áirítear le Tuarascáil na Stiúrthóirí, gur chomhlíon an Grúpa alt 1.9(iv) den Chód nó mura bhfuil sé ag teacht leis an bhfaisnéis a bhfuilimid ar an eolas fúithi ónár gcuid oibre iniúcháireachta ar na ráitis airgeadais. Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith seo.

Úsáid ár dtuarascála

Déantar an tuarascáil seo do chomhaltaí na cuideachta amháin, mar chomhlacht, de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Tugadh faoinár n-obair iniúchta ionas go bhféadfaimis a lua do chomhaltaí na cuideachta na hábhair sin a gceanglaítear orainn a lua leo i dtuarascáil iniúcháora agus ní chun críche ar bith eile. Chomh fada agus a cheadaítear faoin dlí, ní ghlacaimid ná ní ghlacaimid freagracht d'aon duine seachas an chuideachta agus comhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí atá déanta againn.

Eimear McCarthy

Ar son agus thar ceann Deloitte Ireland LLP
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúla
Deloitte & Touche House, Ardán Phort an Iarla,
Baile Átha Cliath 2

Date: 04 April 2025

Nótaí: Ní chuireann an t-iniúchadh dearbhú ar fáil i leith chothabháil agus shláine an láithreáin ghréasáin, ina measc rialuithe a úsáidtear chun é seo a bhaint amach, agus go háirithe cé acu a rinneadh aon athruithe ar na ráitis airgeadais seo ó thráth a gcéadfhoilsithe nó nach ndearnadh. Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as na nithe seo ach ní féidir le haon nósanna imeachta rialaithe dearbhú iomlán a thabhairt sa réimse seo.

Ní hionann an reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn raitis airgeadais a chur le chéile agus a scaipeadh agus reachtaíocht i ndlínsí eile.

Cuntas Comhdhlúite Ioncaim agus Caiteachais don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2024

	Nótaí	2024 €'m	2023 €'m
Cuntas Teicniúil:			
Préimh thuillte, glan ar athárachas			
Préimheanna scríofa comhlána	2	1,879.1	1,683.5
Athrú ar an ollsoláthar le haghaidh préimheanna neamhthuillte agus rioscaí neamhéagtha	2,22	(42.6)	(76.7)
Préimh Thuillte, glan ar athárachas		1,836.5	1,606.8
Toradh ar infheistíocht leithdháilte a aistríodh ón gcuntas neamhtheicniúil		40.5	39.8
Ioncam teicniúil eile, glan ar athárachas	4	93.0	162.1
Ioncam Teicniúil Iomlán		1,970.0	1,808.7
Éilimh a tabhaíodh, glan ar athárachas			
Éilimh a íocadh – suim chomhlán	2	(1,737.6)	(1,685.1)
Éilimh a íocadh – sciar an athárachóra		(0.3)	(0.1)
Athrú ar an soláthar le haghaidh éileamh – suim chomhlán	2,22	(19.0)	(5.4)
Athrú ar an soláthar le haghaidh éileamh – sciar an athárachóra	22	(0.3)	(2.2)
		(1,757.2)	(1,692.8)
Luach ar ais don chustaiméir	9	–	2.0
Glanspeansais oibriúcháin	2,7	(155.1)	(157.2)
Iarmhéid sa chuntas teicniúil		57.7	(39.3)
Cuntas neamhtheicniúil:			
Iarmhéid sa chuntas teicniúil		57.7	(39.3)
Glantoradh ar infheistíocht	10	40.5	39.8
Toradh ar ioncam infheistíochta leithdháilte a aistríodh chuig an gcuntas teicniúil árachais		(40.5)	(39.8)
		57.7	(39.3)
Ioncam eile	11	46.2	44.1
Speansais eile	12	(60.0)	(53.6)
Barrachas/(Easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	27	43.9	(48.8)
Cáin ar Bharrachas/(Easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí	13	(7.6)	5.4
Barrachas/(Easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí i ndiaidh cánach	14	36.3	(43.4)

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 76 go 107. D’fhaomh an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais agus d’údaraigh iad lena n-eisiúint an 27 Márta 2025.

Clár Comhardaithe Comhdhlúite

amhail an 31 Nollaig 2024

	Nótaí	2024 €'m	2023 €'m
Sócmhainní			
Infheistíochtaí			
Talamh a shealbhaítear faoi léas airgeadais	15	1.0	1.0
Talamh agus foirgnimh	16	74.1	79.1
Infheistíochtaí airgeadais eile	17	1,086.0	1,041.0
		1,161.1	1,121.1
Sciar an atharachóra de sholáthairtí teicniúla			
Éilimh gan íoc	22	–	3.8
		–	3.8
Féichiúnaithe			
Féichiúnaithe ag eascairt as oibríochtaí árachais	33	627.1	561.9
Féichiúnaithe eile	18,33	440.1	447.2
		1,067.2	1,009.1
Sócmhainní eile			
Sócmhainn chánach iarchurtha	19	1.3	8.6
Sócmhainní doláimhsithe	20	1.7	2.6
Sócmhainní seasta inláimhsithe	21	11.0	10.3
Airgead sa bhanc agus ar láimh	28	73.1	85.3
		87.1	106.8
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe			
Costais éadála iarchurtha	24	8.6	7.8
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe eile		14.7	11.9
		23.3	19.7
Sócmhainn sochair scoir	31	73.0	55.8
Iomlán na Sócmhainní		2,411.7	2,316.3

	Notes	2024 €'m	2023 €'m
Cothromas agus Dlíteanas			
Caipiteal agus cúlchistí			
Cúlchiste ginearálta		902.7	949.3
Ioncam cuimsitheach		49.9	(46.6)
Cistí Scairshealbhóra		952.6	902.7
Soláthairtí teicniúla			
Soláthar le haghaidh préimh neamhthuillte agus rioscaí neamhéagtha	6,22	691.4	648.8
Éilimh gan íoc	22,33,34	416.3	397.3
		1,107.7	1,046.1
Cistí a siarchoinneáladh don Atharachóir	23,34	–	3.8
Creidiúnaithe			
Creidiúnaithe ag eascairt as oibríochtaí árachais díreacha		93.3	94.2
Creidiúnaithe agus fabhruithe eile	25	250.0	260.6
Soláthairtí eile	26	8.1	8.9
		351.4	363.7
Iomlán na nDlíteanas agus Cothromas Scairshealbhóra		2,411.7	2,316.3

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 76 go 107. D’fhaomh an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais agus rinneadh iad a údarú lena n-eisiúint ar an 27 Márta 2025. Sínithe thar a cheann ag:



Greg Sparks
Cathaoirleach

27 Márta 2025



Brian Walsh
POF an Ghrúpa, Stiúrthóir

27 Márta 2025

Clár Comhardaithe Bhord Vhi

amhail an 31 Nollaig 2024

	Nótaí	2024 €'m	2023 €'m
Sócmhainní			
Infheistíochtaí airgeadais eile			
Infheistíocht i bhfochuideachtaí	17	479.7	479.7
		479.7	479.7
Féichiúnaithe: Méideanna dlite faoi cheann bliain amháin		0.2	0.2
Sócmhainn sochair scoir	31	73.0	55.8
Iomlán na Sócmhainní		552.9	535.7
Cothromas agus Dliteanais			
Caipiteal agus Cúlchistí			
Cúlchiste ginearálta		535.7	529.6
Ioncam cuimsitheach		17.2	6.1
Cistí Scairshealbhóra		552.9	535.7
Iomlán na nDliteanas agus Cothromas Scairshealbhóra		552.9	535.7

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 76 go 107. D’fhaomh an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais agus rinneadh iad a údarú lena n-eisiúint ar an 27 Márta 2025. Sínithe thar a cheann ag:


Greg Sparks
Cathaoirleach
27 Márta 2025


Brian Walsh
POF an Ghrúpa, Stiúrthóir
27 Márta 2025

Ráiteas Comhdhlúite ar Shreafaí Airgid

don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2024

	Nótaí	2024 €'m	2023 €'m
Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	27	(9.1)	(127.2)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta:			
Díol/(ceannach) maoine		–	0.7
(Díol)/ceannach trealaimh		(5.3)	1.5
Ioncam a fuarthas ó infheistíocht agus ó dhíbhiní		23.8	19.8
Glan (cheannach)/glanadíol infheistíochtaí punainne		(21.6)	131.4
Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		(3.1)	153.4
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe:			
lasachtaí (aisíochta)		–	–
Ús (íochta)		–	–
Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe		–	–
(Glanlaghdú)/glanmhéadú ar airgead sa bhanc agus ar láimh		(12.2)	26.2
Airgead sa bhanc agus ar láimh amhail tús na bliana airgeadais		85.3	59.1
Airgead sa bhanc agus ar láimh amhail deireadh na bliana airgeadais		73.1	85.3

Ráiteas Bhord Vhi ar Shreafaí Airgid

don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2024

Níor ullmhaíodh ráiteas ar shreabhadh airgid do Bhord Vhi toisc go bhfuil sé ag baint leas as eisceacht ó shreabhadh airgid a ullmhú faoi FRS 102 mar go bhfuil ráiteas ar shreabhadh airgid san áireamh sna ráitis airgeadais chomhdhlúite don Bhord Vhi.

Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe ar Chothromas amhail an 31 Nollaig 2024

	Iomlán €'m
Amhail an 31 Nollaig 2022	949.3
Easnamh don bhliain airgeadais Ioncam Cuimsitheach Eile	(43.4) (3.2)
Amhail an 31 Nollaig 2023	902.7
Barrachas don bhliain airgeadais Ioncam Cuimsitheach Eile	36.3 13.6
Amhail an 31 Nollaig 2024	952.6

Ráiteas Bhord Vhi ar Athruithe ar Chothromas amhail an 31 Nollaig 2024

	Total €'m
Amhail an 31 Nollaig 2022	529.6
Barrachas don bhliain airgeadais Ioncam cuimsitheach eile	12.0 (5.9)
Amhail an 31 Nollaig 2023	535.7
Barrachas don bhliain airgeadais Ioncam cuimsitheach eile	5.2 12.0
Amhail an 31 Nollaig 2024	552.9

Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2024

	2024 €'m	2023 €'m
Barrachas/(Easnamh) don bhliain airgeadais	36.3	(43.4)
Míreanna a fhéadfar a athaicmiú go brabús nó caillteanas i dtréimhsí ina dhiaidh sin:		
Glanghnóthachan (caillteanas) ar shócmhainní airgeadais atá ar fáil lena ndíol le linn na bliana	1.8	3.0
Creidmheas (muirear)/cánachais a bhaineann le hítimí nach bhfuil le hataicmiú i dtréimhsí ina dhiaidh sin	(0.2)	(0.3)
Míreanna nach ndéanfar a athaicmiú go brabús nó caillteanas i dtréimhsí ina dhiaidh sin:		
Tomhas ar bharrachas/(easnamh) achtúireach ar dhliteanas ciste pinsean	12.0	(5.9)
Iomlán	49.9	(46.6)

Ráiteas Bhord Vhi ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2024

	2024 €'m	2023 €'m
Barrachas don bhliain airgeadais	5.2	12.0
Barrachas/(easnamh) achtúireach ar dhliteanas an chiste pinsin a atomhas	12.0	(5.9)
Iomlán	17.2	6.1

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

1. Beartais shuntasacha chuntasaíochta

Eolas Ginearálta

Bunaíodh an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh (“Bord Vhi”) faoin Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh, 1957 chun gníomhú mar chomhlacht reachtúil chun árachas sláinte príobháideach a scríobh in Éirinn. Tugtar seoladh na hoifige cláraithe ar leathanach 108. Déantar cur síos ar chineál na n-oibríochtaí agus ar athbhreithniú oibriúcháin agus airgeadais Bhord Vhi i dtuarascáil na Stiúrthóirí ar leathanach 54.

Ráiteas i dtaca le comhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Bhord Vhi don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024 de réir fhorálacha Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (CTA 102) agus Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 103 (CTA 103).

Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, arna choigeartú chun míreanna áirithe ag luach cóir a áireamh, agus de réir FRS 102 “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann” agus FRS 103 “Conarthaí Árachais” arna eisiúint don Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais. Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn comhdhlúite. Baintear gach iarmhéid, ioncam agus speansas ionghrúpa nuair a chomhdhlúthaítear iad.

Agus ráitis airgeadais á n-ullmhú aige, féadfaidh Bord Vhi imeacht i gcásanna sonracha ó na formáidí a úsáideadh agus clár comhardaithe nó cuntas brabúis agus caillteanais á n-ullmhú mar a leagtar amach i Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Gnóthais Árachais: Ráitis Airgeadais) 2015. Sna ráitis airgeadais seo, ba ghá leasú a dhéanamh ar an bhformáid fhorordaithe chun a chinntiú go n-úsáidtear teanga atá níos oiriúnaí chun cur síos beacht a dhéanamh ar idirbheart an luacha ar ais don chustaiméir.

Tá ionchas réasúnta ag na Stiúrthóirí go bhfuil a dhóthain acmhainní ag Bord Vhi chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú go ceann i bhfad. Leanann siad ar aghaidh, mar sin, ag glacadh bhunús cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh chun na ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú.

Airgeadra Eachtrach

Cuirtear ráitis airgeadais Bhord Vhi i láthair in Euro, airgeadra feidhmiúil ghrúpa Vhi. Idirbhearta in airgeadraí eile a rinneadh i gcaitheamh na bliana, aistríodh iad ag na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm dátaí na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dlíteanais in airgeadraí eile a aistriú go Euro ag na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm dáta an chláir comhardaithe. Tá an gnóthachan nó an caillteanas a thagann as sin san áireamh sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Préimheanna a Scríobhadh

Cuimsítear i bpréimheanna comhlána scríofa an t-ioncam préimhe infhaighte ó chomhaltaí i leith polasaithe a thosaigh sa bhliain airgeadais. Léirítear sna préimheanna neamhthuillte comhréir na bpréimheanna scríofa sa bhliain a bhaineann le téarma neamhéagtha na bpolasaithe i bhfeidhm ar dháta an chláir chomhardaithe, á ríomh ar bhonn cionroinnt ama.

Éilimh a Tabhaíodh

Cuimsítear in éilimh a tabhaíodh éilimh agus speansais ghaolmhara a íocadh i rith na bliana, chomh maith le hathruithe ar sholáthairtí le haghaidh éilimh gan íoc, lena n-áirítear soláthairtí le haghaidh chostas measta na n-éileamh a tuairiscíodh ach nár íocadh go fóill, na n-éileamh a tabhaíodh ach nár tuairiscíodh agus speansais gaolmhara láimhseála.

Léirítear san ollsoláthar le haghaidh éilimh an dlíteanas measta ag eascairt as éilimh leighis a tabhaíodh sna blianta airgeadais reatha agus roimhe seo nár eascair éilimh íoctha astu go fóill. Áirítear sa soláthar liúntas le haghaidh speansais agus láimhseáil éileamh. Ní foláir go mbainfeadh éiginnteacht áirithe le meastachán ar dhlíteanais éilimh. Tá lamháil éiginnteachta curtha san áireamh chun an baol nach gcuirfear soláthairtí leordhóthanacha ar leataobh a laghdú.

Meastar an soláthar le haghaidh éileamh bunaithe ar an bhfaisnéis is fearr atá ar fáil chomh maith le faisnéis agus teagmhais ina dhiaidh sin. Áirítear coigeartuithe ar shuim an tsoláthair le haghaidh éileamh do bhlianta roimhe seo sa chuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain airgeadais ina ndéantar an t-athrú. Déantar toimhdí stuama ionas go mbeidh an soláthar leordhóthanach i ndroch-chúinsí is féidir a thuar go réasúnta.

Rioscaí Neamhéagtha

Bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil ar dháta an chláir chomhardaithe, má bhíonn luach measta na n-éileamh agus na gcostas is féidir a lua le tréimhsí neamhéagtha polasaithe atá i bhfeidhm ar dháta an tuairiscithe níos mó ná an soláthar do phréimheanna neamhthuillte i ndáil le polasaithe den sórt sin tar éis aon chostais ar éadail iarchurtha a bhaint, bunaítear soláthar do rioscaí neamhéagtha.

An Scéim Comhionannaithe Riosca

Cuimsítear sa Tobhach Árachais Sláinte suimeanna iníoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim i leith dleacht stampála ar pholasaithe árachais leighis phríobháidigh a thosaigh sa bhliain airgeadais. Léirítear sa soláthar le haghaidh tobhach neamhthuillte comhréir an tobhaigh a bhaineann le polasaithe a scríobhadh sa bhliain a bhaineann le téarma neamhéagtha na bpolasaithe i bhfeidhm ar dháta an chláir chomhardaithe, á ríomh ar bhonn cionroinnt ama. Aithnítear an glanmhéid ar bhonn préimheanna

tuillte thar shaolré na bpolasaithe agus áirítear í mar ioncam teicniúil eile sa chuntas ioncaim agus caiteachais. Cuimsítear i gCreidmheasanna Préimhe Comhionannaithe Riosca suimeanna infhaighte ón gCiste Comhionannaithe Riosca, arna riar ag an Údarás Árachais Sláinte, i leith polasaithe a thosaigh sa bhliain airgeadais. Léirítear sa soláthar le haghaidh creidmheasanna neamhthuillte comhréir na gcreidmheasanna scríofa sa bhliain a bhaineann le téarma neamhéagtha na bpolasaithe i bhfeidhm ar dháta an chláir chomhardaithe, á ríomh ar bhonn cionroinnt ama. Cuimsítear sna Creidmheasanna Úsáide Ospidéil suimeanna infhaighte ón gciste le haghaidh éilimh a íocadh i rith na bliana. Déanann an Comhthiomsú Éileamh Ardchostais árachóirí a chúiteamh go díreach as costais éilimh aonair atá i gcomhréir le ceanglais dlí. Coinnítear sna cuntais foráil do na méideanna atá dlite do Vhi ar dháta an chláir chomhardaithe.

Comhcheangail ghnó agus cáilmheas

Cuirtear an modh ceannaigh i bhfeidhm chun cuntas a choimeád ar chomhcheangail ghnó. Is ionann an costas ar chomhcheangal gnó agus luach cóir na comaoine a thugtar, na ndlíteanas a thabhaítear nó a thiomhdítear agus na n-ionstraimí cothromais a eisítear móide na costais inchurtha go díreach i leith na gcomhcheangal gnó.

Nuair a shealbhaítear gnó, cuirtear luachanna córa i leith na sócmhainní agus na ndlíteanas is féidir a shainaitheant ach amháin mura féidir an luach cóir a thomhas go hiontaofa. Cuirtear an luach san áireamh i gcáilmheas sa chás sin.

Is ionann cáilmheas aitheanta agus farasbarr luach cóir na comaoine ceannaigh agus chostais na comaoine ceannaigh inchurtha i leith na gcomhcheangal gnó thar luachanna córa na nglansócmhainní a shealbhaítear. Déantar cáilmheas a amúchadh thar a shaolré fhóinteach ionchais. Déantar measúnú ar cháilmheas i gcomhair bearnúcháin má bhíonn táscairí bearnúcháin ann agus gearrtar aon bhearnúchán ar an gcuntas brabúis agus caillteanais.

Sócmhainní doláimhsithe

Sócmhainní doláimhsithe a shealbhaítear ar leithligh, tomhaistear ar a gcostas iad nuair a aithnítear ar dtús iad. Is é an costas ar shócmhainní doláimhsithe a fuarthas i gcomhcheangal gnó ná a luach cóir amhail dáta a sealbhaithe. I ndiaidh iad a aithint ar dtús, iompraítear sócmhainní doláimhsithe ar a gcostas lúide aon amúchadh carnach agus aon chaillteanais bhearnúcháin charnacha.

Aithnítear na costais ar cheadúnais agus forbairt bogearraí ríomhaireachta mar shócmhainní doláimhsithe nuair nach dlúthchuid de na crua-earraí gaolmhara iad agus déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais thar a

saolré úsáideach mheasta de cheithre bliana. Aithnítear costais a bhaineann leis na bogearraí ríomhaireachta a chothabháil mar speansais nuair a thabhaítear iad.

Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Aithnítear talamh, foirgnimh agus sócmhainní inláimhsithe eile ar a gcostas ar dtús. Áirítear ar chostas aon chostais is féidir a lua go díreach leis an úsáid atá i gceist a bhaint as an tsócmhainn. Cuirtear costais le haghaidh sócmhainní á dtógáil san áireamh faoi obair idir lámha go dtí go mbaintear úsáid as an tsócmhainn.

i) Talamh agus foirgnimh

Iompraítear talamh agus foirgnimh ag luach cóir, rud a léiríonn cúinsí margaidh ag dáta an tuairiscithe. Gnóthachain nó caillteanais a eascraíonn as athruithe ar luachanna córa talún agus foirgneamh, cuirtear sa chuntas ioncaim agus caiteachais iad sa bhliain ina dtagann siad chun cinn, an éifeacht chánach chomhfhreagrach san áireamh. Déanann luachálaí creidiúnaithe neamhspleách seachtrach, a bhí ag plé le déanaí leis an áit ina bhfuil an réadmhaoin agus le haicme na réadmhaoine, na luachanna córa a luacháil gach bliain.

Coinnítear gach réadmhaoin i ndea-chaoi an t-am ar fad. Dá bharr sin, creideann na stiúrthóirí go bhfuil saolré gheilleagrach agus luach iarmharach na réadmhaoine sin chomh maith sin nach bhfuil an dímheas suntasach agus ní chuirtear ar fáil é dá bhrí sin.

ii) Sócmhainní inláimhsithe

Iompraítear sócmhainní inláimhsithe ar a gcostas lúide dímheas carntha. Déantar dímheas a ríomh de réir méid cothrom d’fhonn an costas a bhaineann le sócmhainní a dhíscríobh go dtí a luach iarmharach thar a saolré úsáideach mheasta mar seo a leanas:

Mótarfheithiclí	4 bliana
Trealamh ríomhaireachta	4 bliana
Daingneáin, troscán & feistis	5 bliana
Trealamh oifige	5 bliana
Trealamh Leighis	5 bliana

Maidir le caiteachas mór a thabhaítear chun trealamh ríomhaireachta a fhorbairt agus a meastar go bhfuil tairbhe gheilleagrach leis do Bhord Vhi a mhairfidh níos mó ná bliain amháin sa todhchaí, déantar é a chaipitliú agus a dhímheas thar na blianta ina meastar go dtiocfaidh na tairbhí geilleagracha chun cinn. Ceithre bliana ar a mhéad atá sa tréimhse sin. I gcás éiginnteachta maidir lena thairbhe gheilleagrach sa todhchaí, gearrtar an caiteachas ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais ar lean

1. Beartais shuntasacha chuntasaíochta ar lean Léasanna

Déantar sócmhainní a shealbhaítear faoi léasanna airgeadais, faoi chonarthaí fruilcheannaigh agus faoi shocruithe eile atá cosúil leo sin, a bhronnann cearta agus oibleagáidí atá cosúil leo siúd a bhaineann le sócmhainní faoi úinéireacht, a chaipitliú mar shócmhainní seasta inláimhsithe ag luach cóir na sócmhainne léasaithe (nó, más lú, luach láithreach na n-íosíocaíochtaí léasa mar a cinneadh iad ag tús an léasa) agus déantar iad a dhímheas thar an téarma léasa níos giorra agus a shaolré úsáideach. Déantar na gnéithe caipitiúla d'oibleagáidí léasa todhchaí a thaifeadadh mar dhliteanais, agus gearrtar na gnéithe úis ar an gcuntas brabúis agus caillteanais thar thréimhse na léasanna chun ráta úis tréimhsiúil seasmhach ar an iarmhéid atá fágtha den dliteanas a chur ar fáil.

Sócmhainní agus Dliteanais Airgeadais

Cuimsíonn infheistíochtaí Bhord Vhi urrúis fiachais, cothromas, scaireanna i ngnóthais chomhinfeistíochta, díorthaigh agus taiscí i mbainc.

Aithnítear sócmhainní agus dliteanais airgeadais nuair a dhéantar páirtí i bhforálacha conartha na hionstraime de Bhord Vhi. Aicmítear dliteanais airgeadais agus ionstraimí cothromais de réir bhunús na socruithe conartha a rinneadh. Is éard is ionstraim chothromais ann Conradh ar bith ina léirítear ús iarmharach i sócmhainní ná cuideachta i ndiaidh a dhliteanais ar fad a asbhaint. Ní dhéantar dliteanais a dhí-aithint ach amháin nuair a bheidh an oibleagáid atá sainithe sa chonradh urscaoilte, curtha ar ceal nó éagtha.

Ní dhí-aithnítear sócmhainní airgeadais ach amháin sna cásanna seo: a) téann cearta conartha don sreabhadh airgid ón tsócmhainn airgeadais in éag nó socraítear iad, b) aistríonn an Bord Vhi rioscaí agus luach saothair uile na sócmhainne airgeadais go substaintiúil do pháirtí eile, nó c) aistríonn Bord Vhi, d'ainneoin roinnt de rioscaí agus buntáistí suntasacha na húinéireachta a choinneáil, rialú na sócmhainne go páirtí eile agus tá an cumas praiticiúil ag an bpáirtí eile an tsócmhainn a dhíol ina hiomláine le tríú páirtí neamhbhainteach agus tá sé in ann an cumas sin a chur i bhfeidhm go haontaobhach gan aon ghá srianta breise a chur i bhfeidhm ar an aistriú.

Déantar na sócmhainní agus dliteanais airgeadais ar fad, seachas díorthaigh, a thomhas ar a gcostas ar dtús. Aithnítear díorthaigh ag luach cóir i dtosach ar an dáta a dtéitear i mbun conradh díorthaigh agus atomhaistear iad ina dhiaidh sin ag a luach cóir. Is sócmhainn é gach díorthach nuair atá an luach cóir deimhneach agus is dliteanas é gach díorthach nuair atá an luach cóir diúltach.

Faightear luachanna córa ó phraghsanna margaidh luaite i margaí gníomhacha, idirbhearta a rinneadh ar an margadh le déanaí san áireamh, agus teicnící luachála, lena n-áirítear múnlaí agus roghanna sreafa airgid lascainithe agus múnlaí á bpraghsáil mar is cuí. Nuair is féidir, marcáiltear ionstraimí airgeadais ag praghsanna a luaitear i margaí gníomhacha. I gcásanna áirithe, ní bhíonn eolas den sórt sin ar phraghsanna ar fáil le haghaidh na n-ionstraimí ar fad agus úsáideann Grúpa Vhi teicnící luachála chun ionstraimí dá leithéid a thomhas. Úsáideann na teicnící sin “ionchuir inbhraite margaí” nuair a bhíonn siad ar fáil, arna ndíorthú ó shócmhainní cosúla i margaí cosúla agus gníomhacha, ó phraghsanna a bhí ar earraí inchomparáide le déanaí nó ó shonraí margaí inbhraite eile. Sa chás nach bhfuil sonraí tagartha inbhraite ar fáil do roinnt de na paraiméadair, nó dóibh ar fad, measann Grúpa Vhi na hionchuir inbhraite neamh-mhargaidh a úsáidtear ina samhlacha luachála.

(i) Infheistíochtaí Airgeadais arna gcoinneáil lena dtrádáil ag luach cóir

Luaitear ag luach cóir infheistíochtaí airgeadais arna gcoinneáil lena dtrádáil agus áirítear iontu bannaí corparáideacha, bannaí rialtais, comhscéimeanna infheistíochta, agus taiscí i mbainc. Aithnítear i dtosach iad ar bhonn a ndáta trádála agus déantar iad a athluacháil ar an dáta tuairiscithe ag luach cóir trí leas a bhaint as tairiscintí, agus áirítear gnóthachain agus caillteanais sa chuntas brabúis agus caillteanais neamhtheicniúil i ngach tréimhse tuairiscithe.

Sanntar infheistíochtaí mar infheistíochtaí atá á gcoinneáil lena dtrádáil sna cásanna seo a leanas:

- Fuarthas iad go príomha lena ndíol go luath sa todhchaí; nó
- Is cuid de phunann sainaitheanta d'ionstraimí airgeadais atá á mbainistiú le chéile ag an gCuideachta agus tá patrún iarbhir acu le déanaí maidir le brabús gearrthéarma a dhéanamh; nó
- Tá siad mar chuid de phunann a bhainistítear ar bhonn luach cóir de réir bheartas bainistíochta riosca agus infheistíochta Bhord Vhi (nó rinne siad amhlaidh tráth na fála); nó
- Is conarthaí díorthach iad nach sanntar go sonrach iad agus atá éifeachtach mar ionstraimí fáilaithe.

(ii) Infheistíochtaí Airgeadais ar fáil lena ndíol

Tá infheistíochtaí airgeadais atá ar fáil lena ndíol comhdhéanta de bhannaí corparáideacha agus bannaí rialtais, agus luaitear iad ag luach cóir ar an dáta tuairiscithe. Aithnítear i dtosach iad ar bhonn a ndáta trádála agus déantar iad a athluacháil ar an dáta tuairiscithe ag luach cóir trí leas a bhaint as tairiscintí, agus áirítear gnóthachain agus caillteanais sa Ráiteas ar

Ioncam Cuimsitheach i ngach tréimhse tuairiscithe. Má dhéantar sócmhainn a dhiúscairt sa tréimhse tuairiscithe, déantar an gnóthachan carnach nó an caillteanas carnach a aithnítear roimhe sin a aistriú ón gcuntas brabúis agus caillteanais neamhtheicniúil sa bhliain ina dtarlaíonn an diúscairt.

Infheistíocht i bhFochuideachtaí

Aithnítear infheistíochtaí i bhfochuideachtaí ar a gcostas. Ag deireadh gach bliana, déantar athbhreithniú chun a chinneadh an bhfuil aon chomhartha lagaithe ann. Má tá lagú ann, déantar infheistíochtaí i bhfochuideachtaí a thaifeadadh ag a méid inghnóthaithe.

Lagú

Déantar measúnú ar shócmhainní airgeadais, seachas iad siúd ag luach margaidh, le haghaidh táscairí bearnúcháin ar gach dáta de chuid an chláir chomhardaithe. Bíonn sócmhainní airgeadais bearnaithe nuair a bhíonn fianaise oibiachtúil ar bhearnúchán ann de thoradh teagmhas amháin nó níos mó a tharla tar éis aithint tosaigh na sócmhainne airgeadais, agus go mbíonn tionchar ag an teagmhas (nó teagmhais) ar shreabhadh measta airgid sa todhchaí.

Ioncam Infheistíochta

Cuimsíonn ioncam infheistíochta díbhinní, ús, cíos, gnóthachain agus caillteanais réadaithe, agus gnóthachain agus caillteanais neamhréadaithe ar shócmhainní luacha chóir. Cuirtear ioncam infheistíochta i láthair glan ar chaiteachas infheistíochta gaolmhar. Aithnítear caiteachas cíosa agus infheistíochta nuair a thabhaítear é. Is le modh an úis ghlain a aithnítear ioncam úis. Áirítear ioncam ó chothromais ar bhonn na ndíbhinní a fuarthas i rith na bliana airgeadais. Cuirtear gnóthachain agus caillteanais réadaithe agus neamhréadaithe i láthair sa chuntas ioncaim agus caiteachais neamhtheicniúil sa bhliain airgeadais ina dtarlaíonn siad.

Tá leithdháileadh an toraidh ar infheistíocht ón gcuntas neamhtheicniúil go dtí an cuntas teicniúil bunaithe ar thoradh ar infheistíochtaí is inchurtha i leith an ghnó árachais.

Pinsean

Tá fostaithe áirithe de chuideachtaí ghrúpa Vhi páirteach i scéim pinsin le sochar sainithe Bhord Vhi.

Meastar an costas a bhaineann le sochair a sholáthar agus dliteanais na bpleananna le sochar sainithe ag úsáid mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa, agus tugtar faoi luachálacha achtúireacha ar gach dáta de chuid an chláir chomhardaithe.

Aithnítear costas seirbhíse reatha, costas úis agus toradh ar shócmhainní scéime i gcuntas ioncaim agus caiteachais Bhord Vhi. Aithnítear an barrachas nó an t-easnamh

achtúireach i ráiteas ar ioncam cuimsitheach iomlán Bhord Vhi. Aithnítear costas seirbhíse san am atá thart láithreach. Aithnítear an glanbharrachas nó glaneasnamh ar an scéim pinsin le sochar sainithe, glan ar cháin iarchurtha, ar chlár comhardaithe Bhord Vhi.

Feidhmíonn Bord Vhi scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe freisin d'fhostaithe incháilithe. Coinnítear sócmhainní an phlean ar leithligh ó shócmhainní Bhord Vhi i gcistí faoi smacht lontaobhaithe na Scéime. Gearrtar costais a eascraíonn as scéimeanna pinsin ar chuntas ioncaim agus caiteachais Bhord Vhi mar speansas de réir mar a bhíonn siad dlite.

Aithníonn fochuideachtaí Bhord Vhi costais ina gcuntas brabúis agus caillteanais mar mhéid is ionann agus a ranníocaíocht atá iníoctha mar fhostóir de chuid ball scéime.

Ioncam Eile

Áirítear ar ioncam eile coimisiún gníomhaireachta árachais a tuilleadh as táirgí árachais a dhíol thar ceann cuideachtaí árachais eile. Maidir le coimisiún gníomhaireachta árachais do tháirgí nach dteastaíonn tuilleadh seirbhíse lena n-aghaidh, aithnítear mar ioncam é nuair a chuirtear tús leis an bpolasaí gaolmhar. Maidir le coimisiún gníomhaireachta árachais do tháirgí a dteastaíonn tuilleadh seirbhíse do chustaiméirí lena n-aghaidh, aithnítear de réir méid cothrom é thar shaolré na bpolasaithe.

Cuimsíonn ioncam eile ioncam ó sheirbhísí sláinte a chur ar fáil do chliaint freisin. Is ionann ioncam ó sheirbhísí sláinte a chur ar fáil do chliaint agus luach na sonrasc agus an obair atá fós ar siúl i dtaca le seirbhísí sláinte a chuirtear ar fáil do chliaint, gan cáin bheisluacha san áireamh.

Costais Éadála Iarchurtha

Cláraítear mar chaiteachas na costais a thabhaítear i rith na bliana airgeadais atá inchurtha go díreach i leith gnó nua árachais a fháil sa bhliain chuntasaíochta chéanna ina dtuilltear na préimheanna lena mbaineann siad. Aithnítear gach costas éadála eile mar speansas nuair a thabhaítear é. I ndiaidh iad a aithint ar dtús, iarchuirtear na costais seo ar cóimhéid leis an soláthar do phréimheanna neamhthuillte. Athbhreithnítear costais éadála iarchurtha ag deireadh gach bliana tuairiscithe agus díscríobhtar iad nuair nach meastar a thuilleadh gur féidir iad a aisghabháil.

Soláthairtí

Áiríodh soláthairtí le haghaidh oibleagáidí reatha ar eolas ag eascairt as teagmhais san am atá thart bunaithe ar mheastacháin an lucht bainistíochta, ag cuimsiú athbhreithniú ar fhaisnéis atá ar fáil agus comhairle sheachtrach oiriúnach nuair atá sí ar fáil.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais ar lean

1. Beartais shuntasacha chuntasaíochta ar lean Athárachas

Coimeádtar cuntas ar mhéideanna athárachais ar aon dul leis an gcomhaontú athárachais agus déantar cur síos orthu thíos. Chuaigh an comhaontú athárachais in éag ar an 31 Nollaig 2017 agus cuireadh deireadh leis go hiomlán ar an 30 Meán Fómhair 2024.

Baineann coimisiúin athárachais le coimisiún athárachais agus le rannpháirtíocht bhrabúis fabhraithe ar bhonn na bpréimheanna géillte agus na n-éileamh aisíochta agus cuirtear i láthair iad sa chuntas ioncaim agus caiteachais in ioncam teicniúil eile.

Aithnítear préimheanna iníochta i leith athárachas géillte thar thréimhse an chonartha athárachais. Aithnítear soláthar teicniúil, sciar an athárachóra de phréimh neamhthuillte, maidir leis an gcuid de na préimheanna géillte atá fágtha ar chonarthaí neamhéagtha.

Aithnítear soláthar teicniúil breise, sciar an athárachóra d'éilimh gan íoc, chun léiriú a thabhairt ar an tsuim a mheastar atá in-aisghabhála faoi na conarthaí athárachais i leith na n-éileamh gan íoc a dtuairiscítear orthu faoi dhliteanais árachais. Déantar an tsuim is in-aisghabhála ó atharachóirí a luacháil ar dtús ar an mbonn céanna leis an soláthar bunúsach d'éilimh. Laghdaítear an tsuim in-aisghabhála nuair a thagann teagmhas chun cinn tar éis na haitheanta tosaigh a chuireann fianaise oibiachtúil ar fáil go mb'fhéidir nach bhfaighidh Bord Vhi na suimeanna dlíte ar fad faoin gconradh agus go bhfuil tionchar intomhaiste réasúnta ag an teagmhas ar an tsuim a mheastar a bheidh in-aisghabhála ón atharachóir.

Cistí a siarchoinneáladh ón Atharachóir
Is ar bhonn cistí a siarchoinneáladh a rinneadh an conradh athárachais. Faoi na comhaontuithe, coinníonn Vhi préimheanna atá cothrom ar a laghad leis an tsócmhainn athárachais i gcónaí. Chuaigh an comhaontú athárachais seo in éag ar an 31 Nollaig 2017 agus cuireadh deireadh leis go hiomlán ar an 30 Meán Fómhair 2024.

Cáin
Tá an muirear cánach bunaithe ar an mbarrachas cáinchoigeartaithe don bhliain arna ríomh ag rátaí reatha. Foráiltear don cháin reatha ag suimeanna a mheastar a íocfar nó a aisghabhfar ag úsáid na ndlíthe agus na rátaí cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil faoi dháta an chláir chomhardaithe.

Cáin Iarchurtha
Soláthraítear cáin iarchurtha ar dhifríochtaí uainithe idir an barrachas inchánach agus an barrachas mar a luaitear sna ráitis airgeadais é. Déantar na soláthairtí ag na rátaí cánach a mheastar a bheidh i bhfeidhm sna blianta a mheastar go

rachaidh na difríochtaí uainithe sa treo eile. Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha sa mhéid gur dócha go n-aisghabhfar iad.

Meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta ríthábhachtacha nuair atá beartais chuntasaíochta á gcur i bhfeidhm

Tá na príomhbheartais chuntasaíochta arna nglacadh ag an nGrúpa leagtha amach ar leathanaigh 76 go 80. Agus na beartais chuntasaíochta seo á gcur i bhfeidhm, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh maidir le méideanna iompair sócmhainní agus dliteanas nach follasach go réidh ó fhoinsí eile. Tá na meastacháin agus na toimhdí gaolmhara bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar fhachtóirí eile a mheastar a bheith ábhartha. D'fhéadfaí go mbeadh difríochtaí ann idir na meastacháin sin agus na torthaí iarbhír.

Déantar athbhreithniú leanúnach ar na breithiúnais, na meastacháin agus na toimhdí bunúsacha. Aithnítear athbhreithnithe ar mheastacháin chuntasaíochta sa tréimhse ina ndéantar athbhreithniú ar an meastachán mura dtéann an t-athbhreithniú i bhfeidhm ach ar an tréimhse sin, nó i dtréimhse an athbhreithnithe agus i dtréimhsí amach anseo má théann an t-athbhreithniú i bhfeidhm ar thréimhsí reatha agus ar thréimhsí amach anseo araon.

Is iad seo a leanas na breithiúnais chriticiúla agus na meastacháin a rinne na Stiúrthóirí agus beartais chuntasaíochta an Ghrúpa á gcur i bhfeidhm agus a bhfuil an tionchar is suntasaí acu ar na méideanna a aithnítear i ráitis airgeadais:

Soláthairtí Teicniúla
Léirítear san ollsoláthar le haghaidh éileamh an dliteanas measta ag eascairt as éilimh leighis a tabhaíodh sna blianta airgeadais reatha agus roimhe seo nár eascair éilimh íochta astu go fóill. Tá sé bunaithe ar an eolas is fearr atá ar fáil chomh maith le heolas agus imeachtaí ina dhiaidh sin. Áirítear sa soláthar liúntas le haghaidh speansais agus láimhseáil éileamh. Ní foláir go mbainfeadh éiginnteacht áirithe le meastachán ar dhliteanais éilimh. Tá lamháil éiginnteachta curtha san áireamh chun an baol nach gcuirfear soláthairtí leordhóthanacha ar leataobh a laghdú. Déantar toimhdí stuama ionas go mbeidh an soláthar leordhóthanach i ndroch-chúinsí is féidir a thuar go réasúnta.

Déantar foráil freisin maidir le rioscaí neamhéagtha, bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil ar dháta an chláir chomhardaithe, i gcás ina sáraíonn luach measta na n-éileamh agus na gcostas atá inchurtha i leith na dtréimhsí neamhéagtha beartas atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe ina sáraíonn siad soláthar na bpréimheanna neamhthuillte i ndáil leis na beartais sin tar éis aon chostais éadála iarchurtha a asbhaint, bunaítear foráil rioscaí neamhéagtha.

2. Mionsonraí gnó

Is é gnó árachais Bhord Vhi ná árachas sláinte agus scríobhtar an gnó ar fad i bPoblacht na hÉireann. Nochtar ioncam agus speansais eile i nóta 11 agus i nóta 12.

Déantar anailís thíos ar an bpréimh chomhlán a tuilleadh, méid comhlán na n-éileamh a tabhaíodh, an caiteachas oibriúcháin agus an t-iarmhéid athárachais do Bhord Vhi:

	2024 €'m	2023 €'m
Préimh scríofa chomhlán	1,879.1	1,683.5
Athrú ar an soláthar le haghaidh préimh neamhthuillte agus rioscaí neamhéagtha (nóta 22)	(42.6)	(76.7)
Préimh chomhlán thuillte	1,836.5	1,606.8
Ioncam teicniúil comhlán eile	92.8	160.3
Éilimh a íocadh – suim chomhlán	(1,737.6)	(1,685.1)
Athrú ar an soláthar le haghaidh éileamh – suim chomhlán (nóta 22)	(19.0)	(5.4)
Éilimh chomhlána thabhaithe	(1,756.6)	(1,690.5)
Caiteachas oibriúcháin	(155.1)	(157.2)
Athárachas (easnamh)	(0.4)	(0.5)

3. Préimh thuillte

Is le hárachas sláinte a bhaineann an phréimh go léir a tuilleadh agus is i bPoblacht na hÉireann atá an gnó go léir a scríobhadh.

4. Ioncam teicniúil eile, glan ar athárachas

	2024 €'m	2023 €'m
An Scéim Comhionannaithe Riosca – comhlán (nóta 5)	92.8	130.3
Ioncam teicniúil eile	–	30.0
Coimisiúin athárachais*	0.2	1.8
	93.0	162.1

*Chuaigh an comhaontú athárachais in éag ar an 31 Nollaig 2017 agus cuireadh deireadh leis go hiomlán ar an 30 Meán Fómhair 2024.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais ar lean

5. An scéim comhionannaithe riosca

	2024 €'m	2023 €'m
Creidmheasanna Comhionannaithe Riosca	514.7	534.2
Tobhach Árachais Sláinte	(421.9)	(403.9)
	92.8	130.3

Is éard atá i gCreidmheasanna Comhionannaithe Riosca ná creidmheasanna a íocann an Ciste Comhionannaithe Riosca i leith baill níos sine de pholasaithe árachais leighis phríobháidigh agus/nó baill de na polasaithe sin atá san ospidéal. Faightear iad seo i gcomhair gach duine faoi árachas atá os cionn 65 bliain d'aois agus i gcomhair éileamh a íocadh a raibh cás lae san ospidéal nó fanacht thar oíche san ospidéal mar chuid díobh. Áirítear méideanna an Chomhthiomsaithe Éileamh Ardchostais sna creidmheasanna seo freisin.

Is dleacht stampála é an Tobhach Árachais Sláinte a bhíonn le hÍoc nuair a dhéantar athnuachan ar pholasaí árachais sláinte phríobháidigh in Éirinn, nó nuair a chuirtear tús le polasaí, agus baintear úsáid as chun an scéim comhionannaithe riosca a mhaoiniú.

6. Rioscaí neamhéagtha

Déanann na Stiúrthóirí measúnú gach bliain ar cé acu a dtabhóidh nó nach dtabhóidh Bord Vhi easnaimh ar an ngné neamhchaite de pholasaithe reatha árachais leighis phríobháidigh. Déantar measúnú air sin ach tástáil leordhóthanachta dliteanais a dhéanamh ar an gcuid neamhéagtha den ghnó. Baineann an phríomhéiginnteacht le costas agus le méid na n-éileamh sa todhchaí. Is ionann an méid a soláthraíodh amhail Nollaig 2024 agus €21.1m (2023: €43.1m).

7. Glanspeansais oibriúcháin

	2024 €'m	2023 €'m
Costais éadála	24.1	21.8
Athrú ar chostais éadála iarchurtha	0.7	0.7
Speansais riaracháin	130.3	134.7
	155.1	157.2

8. Luach Saothair

Párolla agus Costais Ghaolmhara

	2024	2023
Ba é seo a leanas an meánlíon daoine a fostaíodh go míosúil i rith na bliana airgeadais	1,869	1,776

	2024 €'m	2023 €'m
Pá agus tuarastail	135.7	123.2
Costais leasa shóisialaigh	15.4	14.2
Costais sochar scoir eile	9.2	8.6
Costais chúitimh eile	8.4	7.4
	168.7	153.4

Luach saothair na stiúrthóirí

Tá luach saothair na Stiúrthóirí, lena n-áirítear faisnéisithe de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (an “Cód Cleachtais), leagtha amach thíos:

	2024 €'m	2023 €'m
Suimeanna eile – i dtaca le fostaíocht chóir	0.4	0.4
Táillí stiúrthóirí ar sheirbhísí mar Stiúrthóirí	0.2	0.2
	0.6	0.6

Suimeanna eile – i dtaca le fostaíocht chóir

Is ionann buntuarastal bliantúil Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa de bhun a chonartha agus €287,000.

B'ionann an luach saothair iomlán a íocadh le Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa do 2024 agus €383,590, lena n-áirítear buntuarastal €287,000, sochair incháinithe eile de €28,590 agus ranníocaíochtaí pinsin de €68,000.

In 2023, ceapadh POF an Ghrúpa ar an 1 Márta agus roimhe sin, bhí sé i ról POF Eatramhach an Ghrúpa ón 1 Bealtaine 2022. B'ionann an luach saothair iomlán a íocadh le POF an Ghrúpa don bhliain agus €443,247, suim a chuimsigh an tréimhse mar POF Eatramhach an Ghrúpa, agus a chuimsíonn buntuarastal €276,667, sochair incháinithe eile de €99,289 agus ranníocaíochtaí pinsin €67,292.

Faigheann stiúrthóirí polasaí árachais leigheas próbháideach ó Vhi le linn a dtréimhse oifige freisin.

Táillí Stiúrthóirí – ar son seirbhísí mar Stiúrthóirí

Is é an tAire Sláinte, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a chinneann táillí stiúrthóirí, agus tá siad iníoctha faoi láthair ag ráta bliantúil €31,500 don Chathaoirleach agus €15,750 do Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin aonair. Ní fhaigheann na Stiúrthóirí Feidhmiúcháin Táille Bhoird faoin bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais ar lean

9. Toradh luacha

	2024 €'m	2023 €'m
Toradh luacha	–	(2.0)

Baineann an toradh luacha le clár arna chur i bhfeidhm ag Vhi chun luach a thabhairt ar ais dá chomhaltaí mar chuid dá thiomantas gan brabús a bhaint as paindéim dhomhanda COVID.

10. Glantoradh ar infheistíocht

	2024 €'m				
	Ioncam ó infheistíocht	Ioncam ó infheistíocht	Gnóthachain agus (glan-chailiteanais) réadaithe	Athruithe ar luach cóir	Glatoradh ar infheistíocht
Sócmhainní airgeadais a rangáítear mar shócmhainní atá ar fáil lena ndíol:					
Bannaí corparáide	13.4	(0.5)	–	–	12.9
Bannaí rialtais	1.4	(0.1)	–	–	1.3
Sócmhainní airgeadais a rangáítear mar shócmhainní atá á gcoinneáil lena dtrádáil:					
Bannaí corparáide	8.6	(0.4)	1.0	6.7	15.9
Bannaí rialtais	0.7	(0.2)	–	1.7	2.2
Comhinfeistíochtaí	2.4	(0.3)	5.0	5.5	12.6
Infheistíochtaí eile	2.3	–	(2.8)	(3.9)	(4.4)
	28.8	(1.5)	3.2	10.0	40.5

	2023 €'m				
	Ioncam ó infheistíocht	Ioncam ó infheistíocht	Gnóthachain agus (glan-chailiteanais) réadaithe	Athruithe ar luach cóir	Glatoradh ar infheistíocht
Sócmhainní airgeadais a rangáítear mar shócmhainní atá ar fáil lena ndíol:					
Bannaí corparáide	8.2	(0.2)	(0.1)	–	7.9
Bannaí rialtais	1.0	–	–	–	1.0
Sócmhainní airgeadais a rangáítear mar shócmhainní atá á gcoinneáil lena dtrádáil:					
Bannaí corparáide	9.5	(0.4)	(7.1)	16.9	18.9
Bannaí rialtais	0.7	(0.2)	(1.4)	7.4	6.5
Comhinfeistíochtaí	1.7	(0.2)	2.7	8.5	12.7
Infheistíochtaí eile	0.7	–	13.8	(21.7)	(7.2)
	21.8	(1.0)	7.9	11.1	39.8

11. Ioncam eile

Áirítear ar ioncam eile ioncam a ghineann fochuideachtaí.

	2024 €'m	2023 €'m
Ioncam coimisiúin	30.7	29.9
Ioncam ó sholáthar seirbhísí sláinte	15.5	14.2
	46.2	44.1

12. Speansais eile

I measc na gcostas eile tá costais a bhaineann le soláthar seirbhísí do chliant ag fochuideachtaí.

	2024 €'m	2023 €'m
Costais ó sholáthar seirbhísí sláinte agus seirbhísí eile	60.0	53.6
	60.0	53.6

13. Cáin

	2024 €'m	2023 €'m
Cuimsíonn an muirear/(creidmheas) cánach sa chuntas ioncaim agus caiteachais:		
Cáin reatha don bhliain	0.5	0.6
Cáin iarchurtha	7.1	(6.0)
	7.6	(5.4)

Cúinsí a imríonn tionchar ar an muirear cánach reatha don bhliain airgeadais:

Mínítear na difríochtaí thíos:

	2024 €'m	2023 €'m
Barrachas/(Easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	43.9	(48.8)
Barrachas/(Easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí méadaithe faoin ráta caighdeánach de cháin chorparáide 12.5% (2023: 12.5%)	5.5	(6.1)
Iarmhairtí:		
Speansais nach gceadaítear chun críocha cánach	0.1	(0.2)
Liúntais chaipitiúla níos mó ná dímhéas don bhliain airgeadais	0.1	0.4
Ioncam ar a ngearrtar cáin ag ráta níos airde	–	0.1
Gluaiseacht i speansais is féidir a dhealú nuair a foctar iad i leith tréimhsí roimhe seo	–	0.1
Sócmhainn Chánach larchurtha a Aithint	–	6.0
Coigeartuithe ón mbliain roimhe	0.6	0.3
Caillteanais a úsáideadh sa tréimhse	(5.8)	–
Cáin reatha don bhliain airgeadais	0.5	0.6
Aithnítear an táille cánach sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach Eile	0.2	0.3

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais ar lean

13. Cáin ar lean

Colún II Nóta Cánach

Ríomhtar cánachas ag ráta caighdeánach na cánach corparáide atá i réim de 12.5% do dheireadh na bliana airgeadais 2024.

An 18 Nollaig 2023, d'achtaigh Rialtas na hÉireann reachtaíocht Cholún a Dó um chánacha ioncaim isteach san Acht Airgeadais (Uimh.2), 2023 a cheadaíonn íosráta cánach éifeachtach 15% a chur i bhfeidhm ar chuideachtaí sa Stát faoi réir coinníollacha áirithe. Ós rud é gur cuideachta intíre ar mhórscála é Grúpa Vhi nach bhfuil aon ghníomhaíocht idirmáisiúnta aici, cheadaíonn an reachtaíocht tréimhse iarchurtha cúig bliana agus mar thoradh air sin táthar ag súil nach mbeidh Grúpa ASS faoi réir rialacha Cholún a Dó go dtí an bhliain airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2029.

Leanann an Grúpa air a dhéanamh measúnaithe ar thionchar reachtaíocht Cholún a Dó maidir le cánacha ioncaim ar a fheidhmíocht airgeadais amach anseo.

14. Barrachas/(Easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí i ndiaidh cánach

(Easnamh)/Barrachas don bhliain airgeadais tar éis an méid thíos a ghearradh ar na ráitis airgeadais chomhdhlúite.

	2024 €'m	2023 €'m
Luach Saothair Iniúcháirí		
Iniúchadh ar ráitis airgeadais na cuideachta aonair	0.5	0.4
Seirbhísí ráthaíochta eile	0.1	0.1
Seirbhísí neamh-iniúchta eile	–	–
	0.6	0.5

15. Talamh a shealbhaítear faoi léas airgeadais

	2024 €'m	2023 €'m
Talamh a shealbhaítear faoi léas airgeadais	1.0	1.0

Le linn 2019, chuathas i mbun léas airgeadais a bhaineann le léasú talún. Léas 500 bliain atá ann. Tá gach dliteanas a bhí dlite íochta agus níl aon oibleagáidí todhchaí ábhartha gan íoc.

16. Talamh agus Foirgnimh

	2024 €'m	2023 €'m
Luacháil		
Amhail an 1 Eanáir	79.1	85.8
Breiseanna	–	0.2
Obair idir lámha	–	–
Diúscairtí	–	(0.9)
(Caillteanas)/Gnóthachan ar athluacháil	(5.1)	(6.0)
Amhail an 31 Nollaig	74.1	79.1

Rinne luachálaí seachtrach neamhspleách luacháil ar an talamh agus foirgnimh amhail an 31 Nollaig 2024 ar luach an mhargaidh oscailte de réir chaighdeáin bhreithmheasa agus luachála Institiúid Ríoga na Suirbhéirí Cairte.

17. Infheistíochtaí airgeadais eile

Tugtar achoimre ar luachanna iompartha shócmhainní agus dhliteanais airgeadais Bhord Vhi de réir catagóire thíos:

	2024 €'m	2023 €'m
Comhdhlúite		
i) sócmhainní airgeadais a rangáítear mar shócmhainní atá ar fáil lena ndíol		
Bannaí corparáide	445.6	290.5
Bannaí rialtais	47.5	50.4
ii) sócmhainní airgeadais a rangáítear mar shócmhainní atá á gcoinneáil lena dtrádáil		
Bannaí corparáide	248.5	313.4
Bannaí rialtais	91.7	166.9
Comhinfeistíochtaí	245.0	216.8
Díorthaigh	2.8	3.0
iii) sócmhainní airgeadais ar chostas		
Taiscí i mbainc	6.5	6.2
iv) dliteanais airgeadais a rangáítear mar dhliteanais atá á gcoinneáil lena dtrádáil		
Díorthaigh	(1.6)	(3.0)
Eile	–	(3.2)
	1,086.0	1,041.0
Bord Vhi		
i) ar a chostas		
Infheistíocht i bhfochuideachtaí	479.7	479.7
	479.7	479.7

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais ar lean

18. Féichiúnaithe eile

	2024 €'m	2023 €'m
Méideanna dlíte laistigh de bhliain amháin:		
An scéim comhionannaithe riosca	381.0	368.3
Féichiúnaithe eile	43.8	56.0
	424.8	424.3
Méideanna dlíte i ndiaidh bliain amháin:		
Féichiúnaithe eile	15.3	22.9
	440.1	447.2

Cuimsíonn féichiúnaí na Scéime Comhionannaithe Riosca an sciar neamhchaite den Tobhach Árachais Sláinte arbh ionann é agus €140.2m (2023: €146.9m).

19. Sócmhainn chánach iarchurtha

Aithníodh sócmhainn i leith cáin iarchurtha le haghaidh na ndifríochtaí uainithe seo a leanas:

	2024 €'m	2023 €'m
Liúntais chaipitiúla níos mó ná dímheas	1.5	2.5
Speansais is féidir a dhealú nuair a íoctar iad	–	0.5
Gluaiseachtaí sa luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile	(0.2)	(0.3)
Cáin iarchurtha ar chaillteanais tugtha ar aghaidh	0.3	5.9
Coigeartuithe ón mbliain roimhe	(0.3)	–
Sócmhainn chánach iarchurtha iomlán	1.3	8.6

20. Sócmhainní doláimhsithe

	Bogearraí €'m	Iomlán €'m
Costas:		
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2024	52.0	52.0
Breiseanna	–	–
Aistrithe	–	–
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2024	52.0	52.0
Amúchadh		
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2024	(49.4)	(49.4)
Muirear i gcomhair na bliana	(0.9)	(0.9)
Aistrithe	–	–
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2024	(50.4)	(50.4)
Glanluach de réir na leabhar:		
Amhail an 31 Nollaig 2024	1.7	1.7
Amhail an 31 Nollaig 2023	2.6	2.6

	Bogearraí €'m	Iomlán €'m
Costas:		
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2023	71.3	71.3
Breiseanna	2.0	2.0
Scor	(17.2)	(17.2)
Aistrithe	(4.1)	(4.1)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023	52.0	52.0
Amúchadh		
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2023	(68.9)	(68.9)
Muirear i gcomhair na bliana	(0.9)	(0.9)
Scor	16.4	16.4
Aistrithe	4.0	4.0
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023	(49.4)	(49.4)
Glanluach de réir na leabhar:		
Amhail an 31 Nollaig 2023	2.6	2.6
Amhail an 31 Nollaig 2022	2.4	2.4

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais ar lean

21. Sócmhainní inláimhsithe

	Mótar-fheithiclí €'m	Daingneáin, troscán agus feistis €'m	Trealamh ríomhaireachta / oifige €'m	Trealamh leighis €'m	Iomlán €'m
Costas:					
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2024	2.7	30.2	39.6	2.4	74.9
Breiseanna	2.8	1.0	1.5	–	5.3
Diúscairtí	(0.7)	–	(0.3)	–	(1.0)
Aistrithe	(0.1)	(0.1)	0.1	–	(0.1)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2024	4.7	31.1	40.9	2.4	79.1
Dímheas:					
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2024	(2.7)	(24.1)	(36.6)	(1.2)	(64.6)
Muirear i gcomhair na bliana	(0.7)	(1.9)	(1.7)	(0.4)	(4.7)
Diúscairtí	0.7	–	0.3	–	1.0
Aistrithe	0.1	0.1	–	–	0.2
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2024	(2.6)	(25.9)	(38.0)	(1.6)	(68.1)
Glanluach de réir na leabhar:					
Amhail an 31 Nollaig 2024	2.1	5.2	2.9	0.8	11.0
Amhail an 31 Nollaig 2023	–	6.1	3.0	1.2	10.3

	Mótar-fheithiclí €'m	Daingneáin, troscán agus feistis €'m	Trealamh ríomhaireachta / oifige €'m	Trealamh leighis €'m	Iomlán €'m
Costas:					
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2023	2.9	30.9	36.0	2.5	72.3
Breiseanna	–	4.5	2.5	0.1	7.1
Athluachálacha	–	–	–	–	–
Diúscairtí	(0.2)	(5.2)	(3.0)	(0.2)	(8.6)
Aistrithe	–	–	4.1	–	4.1
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023	2.7	30.2	39.6	2.4	74.9
Dímheas:					
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2023	(2.9)	(26.9)	(33.2)	(1.0)	(64.0)
Muirear i gcomhair na bliana	–	(2.5)	(2.6)	(0.4)	(5.5)
Diúscairtí	0.2	5.3	3.2	0.2	8.9
Aistrithe	–	–	(4.0)	–	(4.0)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023	(2.7)	(24.1)	(36.6)	(1.2)	(64.6)
Glanluach de réir na leabhar:					
Amhail an 31 Nollaig 2023	–	6.1	3.0	1.2	10.3
Amhail an 31 Nollaig 2022	–	4.0	2.8	1.5	8.3

22. Soláthairtí teicniúla

	Soláthar le haghaidh Préimh Neamhthuillte agus Rioscaí Neamhéagtha €'m	Éilimh Gan Íoc €'m	Iomlán €'m
Suim Chomhlán			
